# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ

## ARDLEIBHÉAL

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012

# AN SCÉIM MHARCÁLA

# Gnó, 2012

# ARDLEIBHÉAL

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012**

**GNÓ – ARDLEIBHÉAL**

**AN SCÉIM MHARCÁLA**

**Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnaitheach.
- Ní freagraí eiseamláireacha ná molta iad.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2012**

**AN SCÉIM MHARCÁLA**

**<u>ROINN 1</u> (80 Marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| **Ceist** | **Scéim** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| 1. | (4+4+2) | 10 |
| 2. | 5 @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 3. | 6 mharc (3+3)<br>4 mharc (2+2) | 10 |
| 4. | (a) 4 mharc (2+2)<br>(b) (i) (ii) 6 mharc (3+ 3) | 10 |
| 5. | (i) 6 mharc (3+3)<br>(ii) 4 mharc (2+2) | 10 |
| 6. | (3+3+2+1+1) marc | 10 |
| 7. | 6 mharc (3+3)<br>4 mharc (2+2) | 10 |
| 8. | (a) 4 mharc (2+2)<br><br>(b) (i) (ii) 6 mharc (3+ 3) | 10 |
| 9. | 6(3+3) +4 mharc | 10 |
| 10. | (i) 6 mharc (3+3)<br>(ii) 2 mharc<br>(iii) 2 mharc | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**<u>ROINN 2</u> (80 marc)**

**Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 4, 5, 6)**

**Ní mór an cheist seo a fhreagairt.**

**Margadh Faoi Dhíon Phort na hAbhann (MPA) Tta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Foinsí Airgeadais do MPA Tta.<br><br>(Ainmnigh cineál, Mínigh, Nasc ábhartha)<br><br>**Ní féidir foinse mheántéarmach a thabhairt ach uair amháin**<br>**(i) MPA Tta nó**<br>**(ii) Sealbhóir stalla**<br><br>(ii) Foinsí Airgeadais do na Sealbhóirí stalla aonair.<br>(Ainmnigh cineál, Mínigh, Nasc ábhartha) | <u>Foinse Fhadtéarmach</u><br>7 marc (2+3+2)<br><br><u>Foinse Mheántéarmach</u><br>6 mharc (2+2+2)<br><br><u>Foinse Ghearrthéarmach</u><br>7 marc (2 +3+2) | 20 marc |
| **(B)** | **Trí** bhuntáiste.<br>(Ainmnigh cineál, Mínigh, Nasc ábhartha)<br><br>**Tabhair faoi deara**: Tá ceann amháin ar a laghad de gach aon bhuntáiste geilleagrach/sóisialta ag teastáil | 3 @ 10 marc (3+4+3) | 30 marc |
| **(C)** | **Trí** teicnící tionscnaimh<br>(Ainmnigh cineál, Mínigh, Nasc ábhartha)<br>Measúnú. | 3@ 9 marc (2+4+3)+3 | 30 marc |
| **R.2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

**TABHAIR FAOI DEARA:**

1. I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal/ráiteas nó ina bhfrása díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag iarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice atá curtha i láthair.
2. Ní bhronnfar marcanna as naisc atá tugtha mura bhfuil teoiric ghnó/ceann teideal ábhartha curtha i láthair ag an iarrthóir.
3. Ní bhronnfar marcanna as teoiric ghnó mura mbaineann an teoiric leis an CGF.

## Roinn 3 (240 marc)

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

### Cuid 1

### Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Gnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (A) | Na nósanna imeachta ba chóir d'fhostóir a leanúint sula ndéantar fostaí a bhriseadh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007 | 7 + 7 + 6 mharc<br>(4+3), (4+3) agus (3+3) | 20 |
| (B) | Foirceannadh conartha<br>Míniúchán ar <u>shárú</u>, ar <u>dhírathú</u> agus ar <u>chomhaontú</u> agus sampla de gach ceann acu | 7 + 7 + 6 mharc<br>(4+3), (4+3) agus (3+3) | 20 |
| (C) | An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí<br>Measúnú | 3 @ 6 mharc an ceann (3+3) +2 | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta agus Comharchumainn | 7 + 6 + 6 + 6 mharc<br>Foirmiú ((2+3)+2)<br>Dliteanas ((2+2)+2)<br>Airgeadas ((2+2)+2)<br>Rialú ((2+2)+2) | 25 |
| **(B)** | An chaoi a bhfuil beartas an Rialtais i leith cáin a ardú agus i leith caiteachas poiblí a ísliú. | Cánachas 2 @ 5 (2 + 3)<br>Caiteachas 2 @ 5 (2 + 3) | 20 |
| **(C)** | (i) Eitic Ghnó<br><br>(ii) An chaoi ar féidir iompar eiticiúil i gcúrsaí gnó a spreagadh | 5 mharc (2+3)<br><br>2 @ 5 mharc (2+3) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Timpeallacht Idirnáisiúnta |
|---|

**Ceist 3**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Ceithre** fhorbairt sa teicneolaíocht a rinne an fás sa domhandú a éascú. | 4 @ 5 mharc (2+3) | 20 |
| **(B)** | Na bacainní ar an tSaorthrádáil. (Ainmnigh, Mínigh,Sampla) | 2 @ 7 marc (2+3+2)<br>1 @ 6 mharc (2+3+1) | 20 |
| **(C)** | An ról atá ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCoimisiún Eorpach i bpróiseas cinnteoireachta an AE. | 10 marc (4 + 3 + 3)<br>10 marc (4 + 3 + 3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

# Cuid 2

## Fiontraíocht

| Bainistíocht |
|---|

**Ceist 4**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na tosca ba chóir do bhainisteoir gnólachta a chur san áireamh agus é ag déanamh cumarsáide leis na páirtithe leasmhara éagsúla atá aige. | 4 @ 5 mharc (2+2+1) | 20 |
| **(B)** | Na dualgais atá ar an gcathaoirleach agus ar an rúnaí maidir le Cruinniú Cinn Bhliana a eagrú agus a stiúradh. | 10 marc(4+3+3)<br>10 marc (4+3+3) | 20 |
| **(C)** | **Dhá** Stíleanna ceannaireachta agus a n-oiriúnacht i gcúinsí gnó éagsúla. | 2 @ 10 marc (2+3+3+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Litir ghnó a shainaithníonn rioscaí agus cineálacha árachais a bheadh oiriúnach. | <u>Leagan amach.</u> 8 marc<br>Ceann litreach 1m<br>Dáta 2m, Maidir le … 1m<br>Ainm & Seoladh Laistigh 1m<br>Beannú 1m, Deireadh Dea-Mhéine 1m, Síniú an Údair 1m<br><br>8 marc: 4 riosca @2 mharc<br>4 mharc: 4 chineál árachais @ 1 mharc | 20 |
| **(B)** | (i) Ceithre Chóimheas<br><br><br><br>(ii) Déan anailís ar *bhrabúsacht* agus ar *leachtacht* Bhianua Tta agus déan moltaí. | Foirmlí cóimheasa 1m an ceann<br>Ríomh (5+3+4+4)<br><br><br><u>Brabúsacht 10 marc</u><br>(2+3+3+2).<br><br><u>Leachtacht 10 marc</u><br>(2+3+3+2). | 20<br><br><br><br><br><br><br><br>20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Ceist 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Na buntáistí **agus** na rioscaí a bhaineann le fostaithe a chumasú.<br>(Buntáiste **amháin** agus Riosca **amháin** ar a laghad ag teastáil) | 4 @ 5 mharc (2+3) | 20 |
| **(B)** | Déan plé ar Ghiniúint Smaointe agus ar Staidéar Indéantachta agus tagairt á déanamh agat do tháirge nó do sheirbhís a roghnaíonn tú féin. | 2 @ 10 marc (3+4+3) | 20 |
| **(C)** | (i) Míniúchán ar an téarma "Plean Gnó"<br>(ii) An tábhacht a bhaineann le plean gnó.<br>Measúnú | 6 mharc (3+3)<br><br>2 @ 6 mharc (3+2+1) +2 | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tosca le cur san áireamh nuair a bhíonn Bealach Dáileacháin oiriúnach á roghnú (samplaí ag teastáil) | 2 @ 7 marc (3+3+1)<br>1 @ 6 mharc (3+2+1) | 20 |
| **(B)** | Dearadh táirgí<br>Pacáistiú táirgí<br>Measúnú | 10(5+5)+ 8(4+4) +2 mharc | 20 |
| **(C)** | Cúiseanna le fairsingiú agus le fás ghnó | 2 @ 7 marc (3+3+1)<br>1 @ 6 mharc (3+2+1) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 1**
**(80 marc)**
**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**

**(Nótaí Tacaíochta)**

**1. Léirigh do thuiscint ar an téarma *fiontraíocht*.**

Is ionann fiontraíocht agus cás ina léiríonn duine nuálaíocht agus cruthaitheacht agus riosca pearsanta/airgeadais á ghlacadh aige/aici chun a sprioc a bhaint amach.

Is ionann fiontraíocht agus cás ina ndéanann duine (nó grúpa daoine) rud as a stuaim féin/ina gcuireann duine tús le rud nua.

Is éard atá i gceist le fiontraíocht an baol a bhaineann leis na hacmhainní uile is gá a eagrú chun an táirge nó an tseirbhís a chur ar fáil, agus leas á bhaint as deis ar mhaithe le luach saothair a d'fhéadfadh a bheith ann, rud ar a dtugtar brabús.

**Samplaí den Fhiontraíocht:**
Fiontraíocht Phearsanta – Clárú i rang oíche
Fiontraíocht Ghnó – Éagsúlú isteach i margaí nua/táirgí nua/Facebook-Mark Zuckerberg/Xbox-Microsoft/iPad-Apple
Fiontraíocht Rialtais – Cuíchóiriú na seirbhísí éagsúla Rialtais
Fiontraíocht Shóisialta – Cluichí Oilimpeacha Speisialta/tiomsú airgid

**2. Is liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gcolún 2.**
***(Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí.)***

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| D | A | E | C | F |

**3.Mínigh an difríocht idir na téarmaí *rátaí cánach* agus *creidmheasanna cánach*.**

Rátaí cánach: Gearrtar cáin ar ioncam ar dhá ráta éagsúla. Bíonn an ráta ar a n-íoctar cáin ag brath ar leibhéal an ioncaim inchánach. Is iad na rátaí cánach atá ann faoi láthair an ráta caighdeánach 20% suas go hioncam áirithe agus an ráta níos airde 41%.
Baineann an ráta caighdeánach nó an ráta níos ísle de 20% leis an mbanda cánach €32,800 agus baineann an ráta níos airde de 41% le hiarmhéid an ioncaim inchánach.

Creidmheasanna cánach: Cáin Chomhlán lúide Creidmheasanna Cánach = Cáin Iníoctha.

Faoi chóras na gcreidmheasanna cánach, tá cáiníocóir i dteideal creidmheasanna cánach/réimse liúntas, ag brath ar chúinsí pearsanta gach duine, ar féidir leo athrú ó bhliain go bliain e.g. creidmheas cánach duine phósta nó creidmheas cánach páirtí shibhialta, creidmheas cánach fostaí (ÍMAT) etc.

Úsáidtear na creidmheasanna cánach seo chun laghdú a dhéanamh ar dhliteanas cánach a ríomhtar ar phá comhlán. Níl creidmheasanna cánach in-aisíoctha. Mar sin féin, déantar aon chreidmheasanna cánach nár úsáideadh i seachtain phá nó i mí phá a thabhairt ar aghaidh chuig tréimhse (tréimhsí) pá ina dhiaidh sin laistigh den bhliain chánach.

I measc samplaí de chreidmheas cánach, tá: Creidmheas na nDall, Creidmheas do Ghaol Cleithiúnach, Liúntas do Mhadra Treorach, Creidmheas do Chúramóir Baile, Creidmheas do Leanbh ar Éagumas, Creidmheas do Theaghlach Aontuismitheora, Creidmheas ÍMAT, Creidmheas Baintrí/Baintreach Fir.

**4. (a) Sainmhínigh an téarma *tarmligean*.**

Is éard atá i gceist le tarmligean sannadh údaráis/cumhachta do dhuine eile. De ghnáth, sanntar é/í ó bhainisteoir d'íochtarán, chun tabhairt faoi thasc nó faoi thionscadal oibre ar leith. Sanntar an fhreagracht as an tasc/tionscadal ar leith sin freisin.

(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le tarmligean laistigh de ghnólacht:

- Ní éilítear ar an mbainisteoir an obair ar fad a dhéanamh agus bíonn níos mó ama aige/aici le haghaidh pleanáil straitéiseach.
- D'fhéadfaí an tasc/tionscadal a chur i gcrích ar chaighdeán níos airde mar gheall ar leibhéal na freagrachta pearsanta a cuireadh ar an duine trí tharmligean.
- Inspreagadh méadaithe fostaithe mar gheall ar shaibhriú poist/meanma fheabhsaithe foirne/obair níos dúshlánaí.
- Uirlis éifeachtach maidir le bainistíocht ama/Is féidir le bainisteoirí tosaíocht a thabhairt do thascanna a éilíonn a n-aird.
- Tabharfaidh lucht oibre atá níos oilte deis solúbthacht bhainistíochta níos fearr a bheith ann.
- D'fhéadfadh sé feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil don bhainisteoir.

**5. Tabhair breac-chuntas ar dhá ghné de struchtúr eagrúcháin maitríse:**

- Is struchtúr foireann-bhunaithe é a bhfuil saineolas aige ó ranna éagsúla e.g. margaíocht, airgeadas, teicneolaíocht na faisnéise, táirgeacht, etc.
- Tá baill foirne freagrach don cheannaire tionscadail atá freagrach as iarracht foirne a chomhordú agus as cur i gcrích an taisc a chinntiú.
- De ghnáth, cuirtear ar bun é chun tabhairt faoi thionscadail ar leith amhail forbairt táirgí.
- Cinnteoireacht/réiteach fadhbanna – rannchuidíonn gach ball foirne.
- Sineirgíocht – is féidir leis an bhfoireann aschur/táirgiúlacht níos fearr a bhaint amach.
- D'fhéadfadh go mbeadh beirt bhainisteoirí – an bainisteoir tionscadail agus an bainisteoir feidhmiúil – ag gach fostaí, agus d'fhéadfadh mearbhall agus coimhlint teacht as seo.
- Déanann ranna fostaithe agus trealamh ardspeisialaithe a chomhroinnt le chéile.

**6. I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**
**Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil.**

| | |
|---|---|
| **T&F (R&D)** | Taighde agus Forbairt |
| **CPT (PLC)** | Cuideachta Phoiblí Theoranta |
| **CGFÉ (IBEC)** | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| **CGU (EGM)** | Cruinniú Ginearálta Urghnách |
| **CCÚT (DIRT)** | Cáin Choinneála ar Ús Taisce |

**7. Déan idirdhealú idir *cumasc* agus *saincheadúnas* mar mhodhanna le gnó a leathnú.**

Is ionann cumasc agus malgamú fabhrach nó deonach/ceangal dhá ghnólacht nó níos mó le chéile ar mhaithe lena gcomhshochar. Cruthaítear aonán dleathach nua amháin a luaithe a cheadaíonn na scairshealbhóirí é. e.g. tháinig Irish Permanent agus Banc Taisce Iontaobhais le chéile chun Permanent TSB a chruthú. Cruthaíodh Glanbia cpt nuair a chumaisc Comharchumann Abhainn Mhór agus Bianna Phort Láirge.

Is ionann Saincheadúnas agus socrú gnó trína ndeonaíonn an saincheadúnóir (an gnólacht reatha a bhfuil samhail chruthaithe ghnó aige) ceadúnas conarthach/cead don saincheadúnaí (duine atá ag bunú an ghnólachta) chun a ainm, a lógó agus a smaoineamh gnó a úsáid i gcomaoin táille nó céatadáin de na brabúis nó de na díolacháin.

Is féidir leis an saincheadúnóir a g(h)nó a leathnú gan a bheith ag infheistiú caipiteal breise ná rioscaí breise a ghlacadh mar go nglacann an saincheadúnaí leis na rudaí seo sa socrú conartha. I measc roinnt saincheadúnas in Éirinn, tá The Zip Yard, Gloria Jean's Coffees, McDonalds agus GEMS.

**8. Sainmhínigh an téarma 'earnáil phríomhúil' agus tabhair breac-chuntas ar dhá threocht reatha atá ag dul i bhfeidhm ar an earnáil seo in Éirinn.**

Is ionann an earnáil phríomhúil/eastóscach agus catagóir thionscail atá bunaithe ar na hacmhainní nádúrtha atá ag tír, amhail talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht, mianadóireacht, fuinneamh.

**Treochtaí Reatha**

- Tá praghsanna níos airde ar thráchtearraí cosúil le mairteoil agus le bainne ar mhargaí domhanda de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh orthu mar gheall ar an bhfás ar dhaonra domhanda.
- D'fhéadfaí príobháidiú a dhéanamh ar Choillte, an ghníomhaireacht stáit a oibríonn san fhoraoiseacht, i ngnólachtaí talamh-bhunaithe, i bhfuinneamh in-athnuaite agus i dtáirgí painéil, agus ar ghnólachtaí eile cosúil le Leictreachas Éireann.
- Mar thoradh ar ró-iascaireacht, tá an AE tar éis cuótaí iascaireachta a thabhairt isteach chun stoic éisc a chaomhnú.


- D'fhéadfaí tochailt ar lorg fosuithe gáis a aimsíodh ar an teorainn idir Fear Manach agus Liatroim trí scoilteadh hiodrálach, ar teicníc chonspóideach mhianadóireachta é, a dhéanamh. Mar a tharla, bhí gáscheantar nádúrtha na Coiribe conspóideach freisin.
- Forbairtí i réimse an fhuinnimh ghaoithe agus na grianchumhachta.
- Fás leanúnach i dtáirgeadh bia orgánaigh, rud a bhaineann leas as íomhá ghlas na hÉireann ar fud an domhain.
- Srian ar bhaint mhóna mar gheall ar threoir chomhshaoil ón AE.

**9. Léirigh do thuiscint ar an téarma *Bloc Trádála*.**

Is ionann bloc trádála agus grúpa tíortha a chomhaontaíonn limistéar saorthrádála nó cómhargadh nó aontas custaim a fhoirmiú. Baineann siad bacainní trádála ar earraí agus ar sheirbhísí a thrádáiltear eatarthu féin.
Samplaí:
• An tAontas Eorpach (AE)
• Comhaontú Saorthrádála Mheiriceá Thuaidh (NAFTA)

**10. Cairt mheá ar mheá**

**Cairt mheá ar mheá**




Freagair na ceisteanna a leanas sa Bhosca Freagraí thíos

**(i)** **An Pointe Meá ar Mheá** (PMM) ina aonaid agus ina euro

**(ii)** An **Brabús** ar Dhíolacháin Thuartha (15,000 aonad) ina euro.

**(iii)** Mínigh an téarma Lamháil Sábháilteachta.

**Bosca Freagraí**

| | |
|---|---|
| PMM ina aonaid **agus** ina euro | Aonaid: <u>10,000</u><br>€450,000 |
| Brabús ar Dhíolacháin Thuartha ina euro | €125,000 |

**(iii)** Léiríonn an Lamháil Sábháilteachta an méid ar féidir le díolacháin titim sula sroichtear an pointe Meá ar Mheá, áit nach saothraítear aon bhrabúis.
An Lamháil Sábháilteachta: an méid is féidir le díolacháin réamh-mheasta titim sula dtosaíonn gnólacht ag cailleadh airgid.

**ROINN 2**
**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**
**80 MARC**

**(A) Sainaithin agus déan cur síos ar na foinsí airgeadais is oiriúnaí do riachtanais**
**(i) MPA Tta**

Maoiniú Fadtéarmach:

**Morgáiste/Iasacht Fhadtéarmach/Bintiúr:** Tógtar amach é/í ar feadh níos mó ná 5 bliana. Má thugann an banc €400,000 ar iasacht do MPA Tta, beidh sé i seilbh ghníomhais thrádstóras na mhonarchan mar urrús i gcoinne aisíocaíocht na hiasachta. Íoctar é/í i dtráthchodanna comhaontaithe, ar a n-áirítear ús atá in-asbhainte ó thaobh cánach. Má loiceann ar MPA Tta an iasacht a aisíoc, is féidir leis an mbanc a gcuid airgid a fháil ar ais tríd an trádstóras a athshealbhú agus a dhíol.

**Cothromas/Scairchaipiteal/Caipiteal Úinéirí:** Is cuideachta phríobháideach theoranta MPA Tta agus d'fhéadfaí an €400,000 atá ag teastáil chun an trádstóras a cheannach a ardú trí ghnáthscaireanna a dhíol le scairshealbhóirí nua nó reatha. Níl aon urrús ná aisíocaíochtaí ag teastáil le haghaidh MPA Tta.

**Deontais Rialtais:** D'fhéadfaí dul chun cainte le gníomhaireachtaí rialtais amhail Fiontraíocht Éireann nó Boird Fiontar Contae le haghaidh cúnamh deontais chun cabhrú leis an trádstóras monarchan a cheannach ar €400,000. De ghnáth, bíonn deontais saor ó ús agus ní gá iad a aisíoc má úsáidtear iad ar mhaithe leis an gcuspóir a bhí beartaithe leo.

**Nasc:** "Chuaigh siad i mbun oibre ag aithint na roghanna airgeadais a bhí ar fáil chun an trádstóras monarchan a cheannach ar €400,000, an praghas a aontaíodh."

Maoiniú Meántéarmach:

**Iasacht Mheántéarmach:** D'fhéadfadh MPA Tta iasacht mheántéarmach bhainc a fháil ar ráta seasta úis. D'aisíocfaí an iasacht i dtráthchodanna cothroma míosúla suas go dtí tréimhse chúig bliana. Ligfeadh sé seo don chuideachta ceannacháin airgid thirim a dhéanamh agus na praghsanna airgid thirim is fearr a idirbheartú le haghaidh trealamh téimh, daingneán agus feisteas, etc. D'fhéadfadh an banc urrús nó ráthaíochtaí pearsanta a iarraidh. Tá an t-ús a íoctar in-asbhainteach ó thaobh cánach. Beidh a fhios ag MPA Tta roimh ré méid agus líon na n-aisíocaíochtaí agus beidh sé in ann buiséadú dá réir sin.

**Nasc:** "Bhí €50,000 breise ag teastáil chun an trádstóras a athchóiriú sa chaoi go mbeadh 50 aonad stalla ann. D'fhéadfaí na haonaid a ligean ar cíos ansin le feirmeoirí agus le lucht ceardaíochta."

**Sainaithin agus déan cur síos ar na foinsí airgeadais is oiriúnaí do riachtanais**
**(ii) Sealbhóirí stalla aonair.**

<u>Maoiniú Meántéarmach:</u>

**Fruilcheannach:** Is modh maoinithe é seo a ligfeadh do na sealbhóirí stalla aonair sócmhainn, cosúil le feithicil iompair, a cheannach thar thréimhse cúig bliana nó níos lú. Gheobhaidh an sealbhóir stalla seilbh láithreach ar an bhfeithicil iompair,ach ní aistreofar úinéireacht go dtí go ndéanfar an tráthchuid dheireanach. Tá an fruilcheannach ina fhoinse chostasach airgeadais. Níl aon urrús ag teastáil, ach d'fhéadfadh an chuideachta fruilcheannaigh an tsócmhainn a athshealbhú i gcásanna ina mbíonn mainneachtain maidir le haisíocaíochtaí.

**Léasú:** Is éard a bheadh i gceist leis seo go mbeadh an tsócmhainn ar cíos ag na sealbhóirí stalla aonair ó chuideachta airgeadais. Ní bheadh ar an sealbhóir stalla cnapshuim a chur ar fáil. Bheadh úsáid agus seilbh iomlán na sócmhainne ag an sealbhóir stalla, fad is go ndéanaidís íocaíochtaí seasta rialta leis an gcuideachta. Cé go mbíonn an léasú níos costasaí ná ceannachán airgid, is féidir leis cabhrú le sreabhadh airgid an ghnólachta.

**Nasc:** "I dtús báire, bhí ar shealbhóirí na stallaí feithicil iompair a cheannach, an stalla a fheistiú amach."

<u>Maoiniú Gearrthéarmach:</u>

**Rótharraingt bhainc:** Is saoráid í rótharraingt bhainc a chuireann banc ar fáil a ligeann do shealbhóirí cuntas reatha níos mó airgid a aistarraingt óna gcuntas ná mar atá acu sa chuntas féin. Gearrtar ús ar an iarmhéid amuigh ar bhonn laethúil. Is féidir leis an mbanc an tsaoráid seo a aisghairm ag am ar bith. D'fhéadfadh na sealbhóirí stalla aonair leas a bhaint as an tsaoráid rótharraingthe seo chun stoc a cheannach nó chun pá na mball páirtaimseartha foirne a íoc. Is féidir í a úsáid mar chineál caipitil oibre chun cabhrú le hoibríochtaí gnó ar bhonn laethúil.

**Costais Fhabhraithe:** Cuireann an fhoinse mhaoinithe seo airgead ar fáil trí mhoill a chur ar íocaíocht billí rialta, amhail fóntais, cíos nó árachas. D'fhágfadh sé seo go mbeadh airgead ar fáil chun íoc as soláthairtí. D'fhéadfaí na soláthairtí seo a dhíol agus na billí seo a íoc níos déanaí.

**Creidmheas Trádála:** Is féidir le sealbhóirí stalla stoc a cheannach le haghaidh athdhíola trí nithe "a cheannach anois agus íoc astu níos déanaí". Bíonn tionchar ag inchairde (acmhainneacht creidmheasa; creidiúnacht) an tsealbhóra stalla ar an méid creidmheasa a bhíonn ar fáil. Ní bhíonn aon chostas díreach air, ach d'fhéadfaí lascainí airgid thirim a chailleadh.

**Nasc:** "Bheadh ar shealbhóirí na stallaí sreabhadh airgid a bhainistiú go héifeachtach agus smacht a choinneáil ar chostais riachtanacha mar amhábhair, stoc, costais oibriúcháin iompair, pá, agus árachas."

**NÓ**

**Nasc:** "Bhí ar shealbhóirí na stallaí ........ an stalla a fheistiú amach agus an cíos aontaithe ar stalla, €50 ina aghaidh an lae, a íoc le MPA Tta." (Bíonn an t-iarrthóir ag déileáil le "feistiú amach an stalla" mar cheannach stoic) (20 marc)

**(B) Pléigh na buntáistí don phobal áitiúil a éiríonn as an rath atá ar MPA Tta.**

Buntáistí Geilleagracha:

- **Fostaíocht Dhíreach./Cruthú Post.** Cruthaítear poist go díreach sa phobal, rud a laghdaíonn dífhostaíocht.
  **Nasc:** "Ag deireadh an dara bliain, mhéadaigh líon na sealbhóirí stalla ón 7 a bhí ann ar dtús go dtí 30."
- **Fostaíocht seachthairbhe:** Mar gheall ar fhostaíocht mhéadaithe agus ar líon méadaithe na gcuairteoirí, bíonn níos mó airgid á chaitheamh sa phobal, rud a mhéadaíonn líon na bpost sna gnólachtaí miondíola agus seirbhísí.
  **Nasc:** "Thuairiscigh mórán seirbhísí áitiúla i bPort na hAbhann, tithe leaba agus bricfeasta, bialanna agus stáisiúin pheitril, mar shampla, go raibh méadú tagtha ar a gcuid brabúis ag deireadh na bliana"

- **Cultúr fiontraíochta.** Déantar fiontraíocht nua a spreagadh agus a chur chun cinn. Cuirtear gnólachtaí nua eile ("Gnólachtaí nuathionscanta") ar bun sa mhargadh de réir mar a fhásann muinín ón rath atá ar MPA Tta.
  **Nasc:** "Aonaid sa trádstóras a ligean ar léas le hionad spraoi agus gníomhaíochta faoi dhíon do pháistí agus le hionad do sciomradh gluaisteáin".

- **Tairgeacht áitiúla.** Cuireann táirgeoirí áitiúla earraí ar fáil do thomhaltóirí áitiúla. Ní gá do mhuintir na háite siopadóireacht a dhéanamh lasmuigh dá gceantar áitiúil (i.e. siopadóireacht áitiúil)
  **Nasc:** "deis iontach dóibh a gcuid táirgí a dhíol go díreach leis an tomhaltóir."

- **Ioncam d'údaráis áitiúla.** Tá rátaí tráchtála ina bhfoinse thábhachtach ioncaim d'údaráis áitiúla agus, de réir mar a chuirtear gnólachtaí nua ar bun, méadaítear ioncam ó rátaí tráchtála, a ligeann don chomhairle áitiúil feabhas a chur ar áiseanna.

  **Nasc:** "Thug an chomhairle baile áitiúil limistéar glas a bhí in aice láimhe saor in aisce dóibh chun páirc phoiblí a thógáil ann."

Buntáistí Sóisialta:

- **Spiorad pobail/Bród/cáilíocht fheabhsaithe beatha.** Rinne an rath a bhí ar MPA Tta éascú ar fheabhas ar spiorad pobail agus idirghníomhú sóisialta i measc pháirtithe leasmhara éagsúla an phobail. Is as rathúnas a thagann bród sa phobal, de réir mar a chuirtear feabhas ar an gcuma a bhíonn ar an mbaile agus ar áiseanna an phobail.

  **Nasc:** "Thug an margadh deis do mhuintir na háite agus do chuairteoirí bualadh le chéile go neamhfhoirmiúil agus a bheith i gcaidreamh le chéile."

  **NÓ**

  **Nasc:** "Thug an chomhairle baile áitiúil limistéar glas a bhí in aice láimhe saor in aisce dóibh chun páirc phoiblí a thógáil ann."

  **NÓ**

  **Nasc:** "Bhí MPA Tta in ann aonaid sa trádstóras a ligean ar léas le hionad spraoi agus gníomhaíochta faoi dhíon do pháistí…"

- Déantar **dídhaonrú a chosc** agus gréasán sóisialta a chaomhnú. Nuair a bhíonn ceantar á fhorbairt, bíonn sé de nós ag daoine fanacht ann agus gan imeacht. Ní laghdaíonn an daonra agus fanann beocht sa phobal (scoileanna, ionaid sláinte, etc.).

  **Nasc:** "Bhí MPA Tta in ann aonaid sa trádstóras a ligean ar léas le hionad spraoi agus gníomhaíochta faoi dhíon do pháistí…"

(30 marc)

**(C) Déan measúnú ar na teicnící tionscnaimh ar thug MPA Tta fúthu.**

Thug MPA Tta faoi cheithre theicníc tionscnaimh. Is iad sin fógraíocht dhíreach, tionscnamh (cur chun cinn) díolacháin, caidreamh poiblí agus díol pearsanta.

<u>Fógraíocht/ Dhíreach:</u>

- Is ionann fógraíocht agus cumarsáid faisnéise do spriocmhargadh/spriocphobal trí úsáid a bhaint as na meáin fógraíochta amhail an preas, foilseacháin, póstaeir, raidió, teilifís, pictiúrlann, an tIdirlíon.
- Áirítear le fógraíocht foilsiú na bhfíricí nó na dtuairimí maidir le hearraí/seirbhísí chun spéis an phobail a mhúscailt agus chun a chur ina luí orthu iad a cheannach.
- Tá sí ina cineál an-phoiblí cumarsáide agus tá sí oiriúnach do phobal leathan. Cruthaíonn sí feasacht ar an táirge chun a chur ina luí ar thomhaltóirí nithe a cheannach. Spreagann fógraíocht ceannach leantach, dílseacht tomhaltóirí agus díolacháin mhéadaithe.
- Téann an duine aonair trí roinnt céimeanna. Ní mór d'fhógraíocht aird, spéis, mian agus gníomh (AIDA) a spreagadh chun a bheith éifeachtach.
- Tugann fógraíocht cúis don tomhaltóir le rud a cheannach.

Baineann MPA Tta úsáid as an idirlíon chun fógraíocht a dhéanamh ar an margadh faoi dhíon.

**Nasc:** "Tá suíomh gréasáin idirghníomhach forbartha ag MPA Tta ar a bhfuil mír d'fhíseán a léiríonn lá i saol an mhargaidh."

**NÓ**

**Nasc:** "Tá tionscnóirí turas chomh tógtha sin leis go bhfuil an margadh curtha san áireamh acu mar chuid dá gcamchuairt do thurasóirí."

Díol Pearsanta:

- Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn díoltóir i dteagmháil dhíreach leis an gcustaiméir agus nuair a dhéanann sé/sí iarracht cur ina luí ó bhéal ar chustaiméirí táirge nó seirbhís a cheannach.
- Ní mór dea-scileanna pearsanta agus cumarsáide a bheith ag ionadaithe díolacháin. Ní mór eolas mionsonraithe a bheith acu ar an táirge nó ar an tseirbhís a bhíonn á d(h)íol.
- Tugann siad aiseolas don chuideachta ar fhreagairtí custaiméirí don táirge/tseirbhís.
- Meallann siad custaiméirí nua, chomh maith le custaiméirí reatha a choinneáil.

Baineann MPA Tta úsáid as an díol pearsanta trí ionadaithe díolacháin a fhostú chun cuairt a thabhairt ar asraonta éagsúla agus an margadh a chur chun cinn.

**Nasc:** "Úsáideann ionadaithe díolacháin ó MPA Tta bothanna taispeánta soghluaiste laistigh den réigiún chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar."

Tionscnamh Díolacháin:

- Is éard atá i gceist le tionscnamh díolacháin úsáid a bhaint as dreasachtaí agus as gimicí gearrthéarmacha/as gníomhaíochtaí gearrthéarmacha sealadacha chun ceannach a spreagadh. Deartar é chun mothú neasachta a chruthú trí chúiseanna a thabhairt le nithe a cheannach sa ghearrthéarma, a mhéadóidh díolacháin.
- I measc na dtionscnamh díolacháin, tá cúpóin, dearbháin, cártaí dílseachta, samplaí in aisce, tairiscintí bandáilte, comórtais, etc.
- D'fhéadfadh sé seo a bheith úsáideach nuair a bhíonn táirge/seirbhís nua á s(h)eoladh nó nuair a bhíonn táirge nó seirbhís atá ann cheana féin á (h)athsheoladh
- Tá siad seo a leanas i measc na gcuspóirí atá le tionscnamh díolacháin: úsáideoirí nua a mhealladh le haghaidh an táirge; luach a saothair a thabhairt d'úsáideoirí dílse; minicíocht cheannaigh a mhéadú i measc úsáideoirí ócáideacha.
- Is féidir úsáid a bhaint as tionscnamh díolacháin chun fógraíocht dhíreach a chomhlánú agus gnó leantach a spreagadh.
- Tugann tionscnamh díolacháin dreasacht don tomhaltóir chun ní a cheannach.

**Nasc:** "Ritheann MPA Tta comórtais mhíosúla chun duais de shaoire dheireadh seachtaine a bhuachan i bPort na hAbhann."

Caidreamh Poiblí:

- Is é an aidhm atá le Caidreamh Poiblí dea-thoil/caidreamh dearfach le custaiméirí a ghiniúint don ghnólacht/poiblíocht fhabhrach/íomhá dhearfach a chruthú don táirge, don tseirbhís nó don ghnólacht.
- I measc uirlisí/modhanna sonracha chun an teachtaireacht a chur in iúl, tá preasráitis do na meáin, óráidí ón lucht bainistíochta, comhdhálacha, deiseanna grianghraf, nuachtlitreacha, tuarascálacha bliantúla, bróisiúir chuideachta, gníomhaíochtaí sóisialta/carthanachta.
- Urraíocht: Íocann cuideachta airgead le go mbeidh a hainm/a lógó/MPA Tta bainteach le hócáid/le foireann spóirt (rinne Fáilte Éireann urraíocht ar Chraobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann). Mar gheall air seo, beidh an chuideachta bainteach le poiblíocht ar bith a thugtar don ócáid/don fhoireann spóirt. Cuireann gnólachtaí feabhas ar an gcáil a mbíonn orthu trí rannchuidiú dearfach a dhéanamh sa phobal áitiúil.
- Baineann gnólacht leas as an bhfógraíocht indíreach a ghineann an ócáid/an fhoireann spóirt.

**Nasc:** "Tá MPA Tta ag tógáil i gcónaí ar an dea-chaidreamh atá acu leis an bpobal áitiúil trí thacaíocht airgid a thabhairt don chlub CLG áitiúil agus mar gheall air sin bíonn ainm branda agus lógó MPA Tta ar gheansaithe an chlub."

**MEASÚNÚ RIACHTANACH**

(30 marc)
**(80 marc)**

**ROINN 3**
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Freagair ceist **Amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**ROINN 3**
**Cuid 1**
**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

***(A) Tabhair breac-chuntas ar na nósanna imeachta ba chóir d'fhostóir a leanúint sula ndéantar fostaí a bhriseadh faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007.***

Meastar gach dífhostú a bheith éagórach mura féidir leis an bhfostóir a mhalairt a chruthú. Tá an t-ualach cruthúnais ar an bhfostóir. Ní mór don fhostóir a léiriú go raibh cúiseanna substaintiúla leis an dífhostú, e.g. mí-iompar cosúil le goid nó le hionsaí a gabhadh ar TFCI (CCTV).

- <u>Rabhadh ó bhéal/comhairleoireacht:</u>
  Tugann maoirseoir rabhadh ó bhéal agus comhairleoireacht (i.e. comhairle ar an dóigh ar féidir leis an bhfostaí feabhas a chur ar a f(h)eidhmíocht) agus taifeadtar iad ar thaifead pearsanta an fhostaí. Leagann an fostóir amach na nithe ba chóir don fhostaí a dhéanamh chun an staid a réiteach. Cuirtear an fostaí ar an eolas faoi na hiarmhairtí.

  <u>Rabhadh foirmiúil ó bhéal:</u>
  Ní mór don fhostóir cur in iúl don fhostaí faoi na cúiseanna leis an dífhostú a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní mór an fhianaise ar an dífhostú a bheith curtha in iúl don fhostaí. Tugtar é seo i láthair ionadaí an fhostaí. Tugtar deis don fhostaí freagairt go hiomlán ar aon líomhaintí nó ar aon ghearáin den sórt sin. Taifeadtar an rabhadh ar thaifead pearsanta an fhostaí.

- <u>An Chéad Rabhadh Scríofa:</u>
  Mura bhfuil aon athrú ar an staid, tugtar rabhadh foirmiúil scríofa tar éis an rabhaidh ó bhéal. Tabharfar cóip d'ionadaí an fhostaí.
  Ina dhiaidh seo, d'fhéadfadh go mbeadh rabhadh scríofa deiridh ann, fionraí gan phá, aistriú chuig tasc eile nó chuig rannóg eile den fhiontar, ísliú céime, nó gníomh cuí araíonachta eile seachas dífhostú, sula ndéanfaí an fostaí a bhriseadh ar deireadh.

- <u>Ceart an Fhostaí chun Achomhairc</u>
  Tá ceart ag an bhfostaí chun cinneadh cothrom neamhchlaonta ar na saincheisteanna lena mbaineann, agus aon ionadaíocht atá déanta ag an bhfostaí, nó thar ceann an fhostaí, agus aon fhianaise, aon tosca nó aon chúinsí eile atá ábhartha á gcur san áireamh.

- <u>Dualgais/Freagrachtaí an Fhostóra</u>
  Ní mór don fhostóir aitheantas a thabhairt do cheart an fhostaí chun ionadaíocht ag éisteacht a bhaineann leis an dífhostú, agus ní mór don éisteacht féin a bheith neamhchlaonta.

**Pointí eile:** Éilítear ar an bhfostóir an Nós Imeachta maidir le Dífhostú (i.e. An Lámhleabhar d'Fhostaithe) a thabhairt do gach fostaí/Ní mór cóip scríofa de na cúiseanna atá leis an dífhostú a chur ar aghaidh chuig na fostaithe laistigh de 14 lá ón dífhostú.

(20 marc)

**(B)** ***Is féidir conradh dleathach a fhoirceannadh le <u>sárú</u>, <u>dírathú</u> nó <u>comhaontú</u>.***
**Léirigh do thuiscint ar na téarmaí a bhfuil líne fúthu.**

Is féidir conradh a fhoirceannadh:

*Le Sárú*
Más rud é nach gcomhlíonann duine de na páirtithe a t(h)aobh den chomhaontú/den oibleagáid chonartha i.e. ní dhéantar maith de na gealltanais a rinneadh, meastar gur séanadh an conradh. Tá an páirtí ag sárú coinníll/gné riachtanach a comhaontaíodh. Tá ceart caingne sna cúirteanna ag an dara páirtí i gcoinne an chéad pháirtí a bhí freagrach as an sárú/ cúiteamh.
Sampla: Tá sé mar choinníoll den chonradh gur chóir don troscán a bheith dubh agus déanta de leathar. Nuair a sheachadtar é, tá an troscán dearg agus déanta de phoileistear. Is ionann é seo agus sárú bunúsach ar choinníoll den chonradh agus tá an ceannaitheoir i dteideal cúiteamh a lorg (i.e. cealú, damáistí a lorg, feidhmíocht shonrach a lorg).

*Le Dírathú*
Coisceann teagmhas nach rabhthas ag súil leis slánú an chonartha. Tarlaíonn rud éigin a chiallaíonn nach féidir an conradh a shlánú

Sampla: Bás nó féimheacht duine amháin de pháirtithe an chonartha.

*Le Comhaontú*
Is féidir le páirtithe an chonartha comhaontú go gcuirfear deireadh le conradh/go gcuirfear conradh ar ceal de thoil a chéile, is cuma cé acu a baineadh amach cuspóir an chonartha nó nár baineadh.
Sampla: Is féidir deireadh a chur le conradh fostaíochta le comhaontú, má tá clásal sa chonradh ina luaitear gur féidir an conradh a fhoirceannadh má thugtar fógra míosa.

(20 marc)

**(C)** ***Déan measúnú ar an ról agus ar na feidhmeanna atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT) maidir le cosaint a thabhairt do thomhaltóirí..***

Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT) maidir le sainleasanna agus le leasanna na dtomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn:

Is é an príomhról/is iad na príomhfheidhmeanna atá ag an GNT:

- Sainleasanna agus leasanna na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint. Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta/bileoga faisnéise um chearta an tsiopaera a fhoilsiú/seirbhís teileafóin/suíomh gréasáin do thomhaltóirí a sholáthar.

- Na dlíthe tomhaltais iomchuí a fhorfheidhmiú. Áirítear ar uirlisí forfheidhmithe fógraí dianchoisc, gealltanais ó thrádálaithe, fógraí comhlíonta, fíneálacha ar an láthair as cionta a bhaineann le taispeáint praghsanna, agus an cumas "ainmniú agus aithisiú" a dhéanamh trí fhoilsiú ainmneacha trádálaithe neamhchomhlíontacha. Cuimsíonn na cumhachtaí sin an ceart chun dul isteach in áitreabh, chun cáipéisíocht agus fianaise eile a fháil a bhaineann le haon trádáil nó le haon ghnólacht atá á himscrúdú/imscrúdú.

  Ról forfheidhmithe maidir le praghsáil agus le taispeáint praghsanna agus ról sábháilteacht táirgí i gcás earraí cosúil le trealamh cosanta pearsanta – clogaid CLG nó bréagáin. Praghsáil bhréagach a thoirmeasc, e.g. má tá praghas earraí á bhfógairt mar phraghas laghdaithe i sladmhargadh, níor mhór do na hearraí sin a bheith á ndíol ar phraghas níos airde ar feadh 28 lá as a chéile am éigin le trí mhí anuas.
- Comhlíonadh an dlí ábhartha a spreagadh/imscrúdú a dhéanamh ar chionta amhrasta faoi aon cheann de na dlíthe ábhartha.
- Cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nuair is iomchuí.
- Taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna/dhearcthaí tomhaltóirí. Freagracht uirthi as faireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí neamhbhia do thomhaltóirí. Forfheidhmíonn sí reachtaíocht sábháilteachta táirgí, déanann sí imscrúdú ar ghearáin faoi tháirgí contúirteacha, tugann sí rabhaidh do thomhaltóirí agus cuireann sí comhairle ar mhonaróirí, ar sholáthraithe agus ar mhiondíoltóirí.

- Suirbhéanna praghsála a dhéanamh chun tuiscint ar dhifríochtaí praghsanna a ardú.
- Comhairle a chur ar an rialtas maidir leis an tionchar a imríonn dlíthe ar thomhaltóirí agus moltaí a dhéanamh maidir le reachtaíocht nó le beartas a bhaineann le cosaint agus le leasanna tomhaltóirí nó ar dhóigh dóibh tionchar a imirt ar chosaint agus ar leasanna tomhaltóirí.

***Measúnú*** Tá an GNT an-éifeachtach toisc gur comhlacht reachtúil í, gur tacadóir leis an tomhaltóir í agus go bhfuil cumhachtaí forfheidhmithe aici, mar shampla:

-Is féidir leis an GNT fógra comhlíonta a sheirbheáil ar thrádálaí a mheasann sí a bheith páirteach i ngníomhaíocht thoirmiscthe. Tá sé de chumhacht ag an GNT dul isteach in áitreabh chun fianaise a bhailiú, le tacaíocht ó na Gardaí más gá. Is féidir leis an trádálaí achomharc a dhéanamh i gcoinne an fhógra seo laistigh de 14 lá. Má theipeann ar an trádálaí comhlíonadh, féadfaidh an GNT imeachtaí coiriúla a thosú.

-Liosta Cosanta Tomhaltóirí a fhoilsiú; liosta de thrádálaithe a ciontaíodh i gcionta coiriúla, atá faoi réir orduithe cúirte, atá faoi cheangal gealltanais, ar seirbheáladh le fógra comhlíonta, nó atá faoi réir fógra íocaíochta socraithe.

-Féadfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt freisin ar ordú a éileoidh ar an ngnólacht cúiteamh a íoc as aon chaillteanas nó damáiste don tomhaltóir a d'eascair ón gcion.

(20 marc)
**(60 marc)**

## Ceist 2

**(A) Déan plé ar *Comharchumainn* agus ar *Cuideachtaí Príobháideacha Teoranta* mar chineálacha d'úinéireacht gnó. Úsáid na ceannteidil seo a leanas:**

***Foirmiú; Dliteanas; Airgeadas; Rialú***

***<u>Foirmiú</u>***

Is ionann cuideachta phríobháideach theoranta agus gnólacht faoi úinéireacht infheisteoirí ar a dtugtar scairshealbhóirí a ranníocann cistí chun an gnólacht a mhaoiniú.
Tar éis achtú an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2006, tá cuideachtaí príobháideacha i dteideal suas le 99 scairshealbhóir a bheith acu anois. Méadaíodh an teorainn, a bhí leagtha ag 50 comhalta roimhe sin, chun dlí an AE a léiriú.
Tá foirmiú cuideachta príobháidí teoranta ina phróiseas casta agus is gá na doiciméid seo a leanas a tharraingt suas.

- Foirm A1
- An Meabhrán Comhlachais
- Na hAirteagail Chomhlachais

Cuirtear na doiciméid seo chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus chomh luath agus atá an Cláraitheoir sásta go bhfuil gach aon rud in ord, eisíonn sé deimhniú corpraithe a ligeann don chuideachta tosú ag trádáil mar chuideachta phríobháideach theoranta.

Is ionann Comharchumann agus fiontraíocht ghnó atá faoi rialú daonlathach agus faoi chomhúinéireacht a chuid comhaltaí. Tá gnáthbhanna ag comhaltaí agus oibríonn siad an gnólacht ar mhaithe lena sochar frithpháirteach. Tá seachtar comhaltaí ar a laghad ag teastáil ó chomharchumann agus ní mór iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCara-Chumann**.** Chomh luath agus a chomhlíontar gach riail agus a íoctar an táille chuí, tugann an Cláraitheoir cead don chomharchumann tosú ag trádáil. Déantar comharchumann a chorprú faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-1978. Feidhmíonn Cumann Comhar-Eagraíochtaí na hÉireann Teoranta (ICOS) mar eagraíocht chomhordaithe d'fhormhór na gcomharchumann in Éirinn.

***<u>Dliteanas</u>***

Tá dliteanas teoranta ag scairshealbhóirí na cuideachta príobháidí teoranta. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil na scairshealbhóirí faoi dhliteanas pearsanta agus nach féidir leo ach suim a gcuid infheistíochta bunaidh a chailleadh, má theipeann ar an ngnólacht**.**
Cosúil le cuideachtaí príobháideacha teoranta, tá comhaltaí na gcomharchumann cosanta ag dliteanas teoranta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a gcuid dliteanais teoranta don tsuim a d'infheistigh siad sa chomharchumann.

***<u>Airgeadas</u>***

Tá an cumas atá ag cuideachta phríobháideach theoranta caipiteal a ardú trí scaireanna a dhíol le 99 scairshealbhóir ar a mhéad ar cheann de na nithe is tarraingtí a bhaineann le struchtúr na cuideachta príobháidí teoranta. Luaitear an scairchaipiteal uasta is féidir a bhailiú sa Mheabhrán Comhlachais. Dáiltear brabúis ar scairshealbhóirí i bhfoirm díbhinní. Chomh maith le scairchaipiteal agus le caipiteal fiachais, seans go mbeidh sé níos éasca do chuideachtaí príobháideacha teoranta creidmheas a fháil ó sholáthraithe.

Seans go mbeidh sé deacair do chomharchumainn in Éirinn teacht ar mhaoiniú. Bíonn sé seo amhlaidh toisc nach féidir ach suim theoranta airgeadais a ardú óna gcuid comhaltaí. Braitheann an tsuim a shuibscríobhann comhalta ar an gcineál comharchumainn atá i gceist. Faigheann comhaltaí sciar de na brabúis i gcomhréir lena gcuid láimhdeachais leis an gcomharchumann (comharchumann táirgeoirí) nó mar chéatadán de na coigiltis (comhar creidmheasa).

***<u>Rialú</u>***

Tá cuideachta phríobháideach theoranta faoi rialú scairshealbhóirí bunaithe ar an riail "vóta amháin in aghaidh na scaire". Toghann na scairshealbhóirí bord stiúrthóirí atá freagrach as an gcuideachta a reáchtáil. Toghann an bord stiúrthóirí Stiúrthóir Bainistíochta (SB) nó Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) (Príomhfheidhmeannach) atá freagrach as an gcuideachta a bhainistiú ar bhonn laethúil. Is féidir leis na scairshealbhóirí bunaidh rialú a choinneáil ar an gcuideachta a fhad is atá 51% den ghnáth-scairchaipiteal acu.

Tá struchtúr daonlathach ag comharchumainn, ina bhfuil vóta amháin ag gach comhalta, "vóta amháin in aghaidh an chomhalta", agus ina bhfuil cinnteoireacht an tromlaigh agus coiste tofa bainistíochta atá cuntasach dá comhaltaí. Reáchtálann an coiste bainistíochta seo an gnólacht agus déanann siad na cinntí tábhachtacha. Tá ról comhionann ag comhaltaí maidir leis an gcomharchumainn a reáchtáil, beag beann ar líon na scaireanna atá acu.

(25 marc)

**(B) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil beartas Rialtas na hÉireann i leith cáin a ardú agus i leith caiteachas poiblí a ísliú, ag dul i bhfeidhm ar chúrsaí gnó.**

Cé gur choinnigh an Rialtas rátaí cáin ioncaim ag an ráta caighdeánach 20% agus ag an ráta is airde de 41% agus gur chosain sé a ráta cánach corparáide ag 12.5%, ghlac sé le beartas i leith cáin a ardú.

***<u>Cánachas Méadaithe</u>***

<u>Cáin Bhreisluacha (CBL):</u> Baineann an ráta CBL 23% le réimse leathan earraí agus seirbhísí. I measc na n-earraí atá faoi réir an mhéadaithe 2%, tá: mótarfheithiclí, peitreal, soláthairtí leictreacha, troscán, coisbheart agus éadaí do dhaoine fásta, deochanna alcólacha agus deochanna boga, agus tobac. Ó thaobh seirbhísí de, tá seirbhísí cuntasaíochta, seirbhísí dlí, seirbhísí comhairleacha cánacha faoi réir an ráta cánach níos airde.

<u>Muirear teaghlaigh:</u> Tá an muirear nua €100 iníoctha ó Dé Sathairn, an 31 Márta 2012, i gcás thart ar 1.6 milliún úinéir tí.

<u>Mótarcháin:</u> Tháinig méadú de thart ar 7.5% ar meán ar mhótarcháin ó thús na bliana 2012.

<u>Dleachtanna Máil:</u> Cáin ar tháirgí tobac. Méadaíodh dleacht máil ar phaicéad 20 toitín faoi 25 cent (CBL san áireamh).

<u>Baincéireacht:</u> Méadaíodh an ráta cánach coinneála ar ús taisce ó 27 faoin gcéad go 30 faoin gcéad.

***<u>Imríonn méaduithe cánach tionchar diúltach ar an ngnó.</u>***

Mar thoradh ar mhéaduithe CBL, bíonn earraí agus seirbhísí níos costasaí don tomhaltóir, a chruthaíonn laghdú ar éileamh agus a dhéanann difear don ghnólacht. Mar shampla, mar thoradh ar an tionchar diúltach a bhí ag ardú CBL go 23%, laghdaigh méid na ndíolachán i siopaí ilrannacha faoi 18.4%, thit díolacháin earraí leictreacha faoi 12.0% agus thit díolacháin i mbeáir faoi 3.5%.

Bíonn cánacha cosúil leis an muirear teaghlaigh ina gcúis le laghdú ar an ioncam indiúscartha a bhíonn ag tomhaltóirí. De réir mar a laghdaítear an chumhacht chaithimh a bhíonn ag tomhaltóirí, laghdaítear an t-éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí a dhíolann gnólachtaí.

Mar gheall ar mhéaduithe ar dhleachtanna máil ar tháirgí tobac, bhí méadú ar smuigleáil tobac. Leanann dleachtanna máil ar thoitíní de bheith ag ardú, a fhágann go mbíonn sé níos tarraingtí do chustaiméirí táirgí neamhdhleathacha atá an-saor a dhíoltar ar an margadh dubh a cheannach. Sa bhliain 2010, chaill miondíoltóirí na hÉireann €896 milliún i láimhdeachas, mar gur caitheadh an tsuim seo sa mhargadh dubh.

***<u>Laghdú ar Chaiteachas Poiblí</u>***

Seo a leanas samplaí de chiorruithe i gcaiteachas an rialtais:

Coigilteas Leasa Shóisialaigh – €475m e.g. Rinne an Rialtas caighdeánú ar rátaí na n-íocaíochtaí sochair linbh do gach leanbh, ag scriosadh préimheanna don tríú leanbh agus do leanaí ina dhiaidh sin chun thart ar €45m a choigilt.

Coigilteas Cúram Sláinte – €543m e.g. Tá an Rialtas le líon na foirne a laghdú agus costais phá a choinneáil ag an leibhéal céanna chun €145m a choigilt.

Coigilteas Oideachais – €132m e.g. D'ardaigh an Rialtas an cóimheas daltaí le múinteoirí, ag coigilt €19.4m

Fostaíocht san Earnáil Phoiblí- e.g. Beidh laghdú €400m ar bhille pá seirbhíse poiblí an Rialtais in 2012. Faoi dheireadh 2012, beidh níos lú ná 300,000 duine fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Laghdófar líon na bhfostaithe san earnáil phoiblí faoi 6,000 duine eile in 2013.

Caiteachas Caipitil- Laghdaíodh an buiséad caipitil do 2012 faoi €755m go €3.9bn

I measc na mórthionscadal a tréigeadh, tá:

- Meitreo Thuaidh agus Meitreo Thiar
- DART faoi thalamh
- Príosún Halla Thornton
- Campas nua ITBÁC ag Gráinseach Ghormáin i mBaile Átha Cliath
- Conair Iarnróid an Iarthair

***Bíonn tionchar diúltach ag ciorruithe i gCaiteachas Poiblí ar an ngnó.***

Mar gheall ar chiorruithe i gcaiteachas reatha, bhí pá níos ísle d'oibrithe, íocaíochtaí leasa shóisialaigh níos ísle do dhaoine dífhostaithe, dífhostaíocht níos airde (Ráta Caighdeánaithe Dífhostaíochta: 14.3% [Márta 2012]) etc. a imríonn tionchar ar chaiteachas sa gheilleagar. De réir mar a laghdaítear an chumhacht chaithimh a bhíonn ag tomhaltóirí, laghdaítear an t-éileamh ar na hearraí agus ar na seirbhísí a dhíolann gnólachtaí.

Féadfaidh fo-infheistíocht i mbonneagar an bonn a bhaint ó fhás geilleagrach agus ó iomaíochas. e.g. Áitítear go gcruthódh Meitreo Thuaidh 4,000 post díreach tógála agus na mílte post indíreach san earnáil mhiondíola agus san earnáil soláthair thógála. Déanfaidh easpa infheistíochta difear do FDI (Infheistíocht dhíreach eachtrach) agus do ghnólachtaí nuathionscanta.

Laghdaigh lánchosc an Rialtais ar earcaíocht sa tSeirbhís Phoiblí na deiseanna fostaíochta.

Mar gheall ar chaiteachas laghdaithe poiblí, bíonn níos lú earraí/seirbhísí á gceannach ag gníomhaireachtaí Rialtais e.g. seirbhísí sláinte.

De bharr laghduithe i ndáileacháin na Cáinaisnéise ar chomhlachtaí/sheirbhísí éagsúla stáit tháinig laghdú ar líon na seirbhísí éagsúla/na ndeontas éagsúil atá ar fáil do ghnólachtaí.

(20 marc)

**(C) (i) Sainmhínigh an téarma 'Eitic Ghnó'.**

Is ionann eitic ghnó agus sraith rialacha agus caighdeán morálta a sholáthraíonn treoirlínte maidir le hiompar atá ceart agus fíor i gcásanna gnó lena pháirtithe leasmhara éagsúla, amhail fostaithe, custaiméirí, soláthraithe agus an pobal ina n-oibríonn sé.
Is éard atá i gceist le heitic ghnó an méid atá ceart agus mícheart, cothroime, macántacht agus meas i gcomhthéacs gnó.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar féidir iompar eiticiúil i gcúrsaí gnó a spreagadh.**

- Cód eitice a bhunú. Is ionann cód eitice agus ráiteas foirmiúil scríofa ina leagtar amach na modhanna iompair ar chóir do ghnólacht glacadh leo ina chuid déileálacha le fostaithe, le custaiméirí agus leis an bpobal ina n-oibríonn sé/cultúr oscailteachta a spreagadh.
- 'Sceithireacht' a spreagadh. Is éard atá i gceist le sceithireacht baill foirne a spreagadh chun iompar mí-eiticiúil a thuairisciú trí thimpeallacht ina gcúititear leo as sceithireacht a chruthú/reachtaíocht.
- Eiseamláir a dhéanamh d'iompar eiticiúil. I gcásanna ina léiríonn baill shinsearacha foirne go bhfuil siad an-eiticiúil agus ina léiríonn siad iompar eiseamláireach eiticiúil, spreagtar íochtaráin chun a n-obair a dhéanamh ar an mbealach céanna.
- Oiliúint Foirne. Ba chóir cód eitice a chur i láthair baill foirne ag a gcuid oiliúna ionduchtúcháin agus ba chóir modúil ar iompar eiticiúil a bheith san áireamh in oiliúint mheabhrúcháin.

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta/luachanna saothair araíonachta i bhfeidhm do chásanna ina ndéanann baill foirne rud mí-eiticiúil. De ghnáth, bíonn fíneálacha, ísliú céime nó dífhostú i gceist leis seo. Ag an am céanna, ba chóir iompar eiticiúil a spreagadh trí luachanna saothair cosúil le bónais nó ardú céime.

(15 mharc)

**(60 marc)**

## Ceist 3

**(A) Tabhair breac-chuntas ar cheithre fhorbairt sa teicneolaíocht a rinne an fás sa domhandú a éascú.**

- ***<u>Dearadh/CAD.</u>***
  Rinne CAD (Dearadh Ríomhchuidithe) athrú ollmhór ar an bpróiseas dearaidh, á dhéanamh níos éasca agus níos tapa, agus ag ligean do chuideachtaí freagairt go tapa do choinníollacha athraitheacha an mhargaidh dhomhanda.

- ***<u>Táirgeadh/CAM</u>***
  Cuireann déantúsaíocht ríomhchuidithe (CAM), trínar féidir an trealamh uile a rialú le ríomhaire, agus déantúsaíocht ríomh-chomhtháite (CIM), arb éard atá i gceist léi rialú comhtháite ar an táirgeadh, ón dearadh go dtí an seachadadh, le héifeachtúlacht an táirgthe agus le cumas na ngnólachtaí lonnú áit ar bith ar domhan agus táirgí caighdeánaithe a tháirgeadh, beag beann ar na scileanna saothair áitiúla.

- ***<u>Cumarsáid/teicneolaíocht shoghluaiste/EDI</u>***
  Déanann EDI (idirmhalartú leictreonach sonraí) cumarsáid a éascú go mór i margadh domhanda. Is féidir aistriú doiciméad, ordú uathoibrithe stoc, sonraí ar fhigiúirí trádála, etc. a tharchur ar fud an domhain laistigh de chúpla soicind.

- ***<u>Cinnteoireacht/ISDN</u>***
  Baineann ISDN (Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite) úsáid as línte teileafóin chun faisnéis dhigiteach a tharchur agus a fháil. Mar gheall ar aistriú comhad, teilea-oibriú, físchomhdháil, ríomhphost, etc. is féidir faisnéis a aistriú chuig áit ar bith ar domhan. Cabhraíonn sé seo go mór le pleanáil bainistíochta, le heagrúchán agus le rialú agus éascaíonn sé cinnteoireacht éifeachtach.

- ***<u>Margaíocht/an tIdirlíon/líonrú sóisialta/www</u>***
  Rinne an tIdirlíon, lena n-áirítear suíomhanna líonraithe shóisialta cosúil le Facebook agus líonraí gnó cosúil le LinkedIn, éascú ar mhargaíocht dhomhanda na gcuideachtaí agus ar bhunú na mbrandaí domhanda. A bhuí le fógraíocht líonra, le suíomhanna gréasáin cuideachtaí agus le híocaíocht leictreonach, bhí deis ag ríomhthráchtáil dhomhanda teacht i dtreis.

- ***<u>Dáileadh/JIT</u>***
  Éascaíonn lóistíocht, seachadadh díreach in am, iompar coimeádán agus na feidhmchláir bhogearraí ríomhaireachta ábhartha dáileadh domhanda earraí.

(20 marc)

**(B) Déan cur síos, agus samplaí á n-úsáid agat, ar bhacainní saorthrádála idir thíortha.**

**Cuóta:** is ionann é seo agus srian fisiciúil/teorainn fhisiciúil ar líon na n-aonad d'earra a fhéadfar a iompórtáil/a easpórtáil.
Déanann cuótaí iompórtálacha (allmhairí) a dhíspreagadh agus/nó díolacháin na n-earraí a tháirgtear sa tír a spreagadh.

Sampla: Chuir an AE cuóta ar an méid éadaí ón tSín is féidir a iompórtáil isteach san AE.

**Taraif:** is ionann í seo agus cáin ar luach/phraghas na n-earraí atá á n-iompórtáil. Mar thoradh air seo, beidh iompórtálacha níos costasaí agus ní bheidh siad chomh hiomaíoch le táirgí intíre ar an margadh intíre.

Sampla: Cáin, dleacht nó taraif ar mhairteoil ón Nua-Shéalainn.

**Trádbhac:** Is ionann é seo agus toirmeasc iomlán ar iompórtáil earraí ó thír amháin ar leith. Is minic a dhéantar é ar chúiseanna polaitiúla.

Sampla: Chuir tíortha an AE il-trádbhac ar iompórtáil na mairteola ón Ríocht Aontaithe mar gheall ar ardleibhéil BSE sa Ríocht Aontaithe.

**Fóirdheontais:** Is ionann iad seo agus íocaíochtaí a dhéanann rialtais náisiúnta le gnólachtaí intíre chun cabhrú leo lena gcuid costais laethúla oibriúcháin, ag ligean dóibh a bheith níos iomaíche/buntáiste praghais a thabhairt dóibh ar allmhairí.

Sampla: Thug an AE fóirdheontas do dhéantúsaíocht talmhaíochta agus d'aerárthaí san am atá thart chun iad a chosaint i gcoinne iomaíochais ó chomórtas lasmuigh den AE.

**Rialacháin riaracháin:** Is samplaí iad moilleanna custaim, páipéarachas iomarcach atá deartha chun iompórtálacha a eisiamh.

(20 marc)

**(C) Déan plé ar an ról atá ag Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle na nAirí) agus ag an gCoimisiún Eorpach i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh (AE).**

<u>Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle na nAirí)</u>

- Príomhchomhlacht cinnteoireachta an AE. Déantar a cuid cinntí trí vótáil tromlaigh cháilithe i bhformhór na réimsí, agus trí aontoilíocht i réimsí eile. De ghnáth, i réimsí ina n-oibríonn sí d'aon toil, ní gá di aon rud a dhéanamh seachas dul i gcomhairle leis an bParlaimint.
- Airí cuí ó gach tír. Tá an Chomhairle comhdhéanta de roinnt cumraíochtaí ina bhfuil 27 aire náisiúnta (aire amháin in aghaidh an stáit). Braitheann comhaltas beacht na cumraíochta ar an ábhar; mar shampla, nuair a bhíonn beartas talmhaíochta á phlé, bíonn an Chomhairle comhdhéanta den 27 aire náisiúnta a mbíonn an réimse beartais seo san áireamh ina bpunann (glacann an Coimisinéir Eorpach lena mbaineann páirt, ach ní chaitheann sé/sí vóta).

- Déanann sí cinneadh ar reachtaíocht a dhréachtaíonn an Coimisiún Eorpach. I bhformhór na réimsí, tá feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach. Fágann sé seo go gcomhroinneann an Chomhairle agus an Pharlaimint araon cumhachtaí reachtacha agus buiséadacha ar bhonn comhionann, agus nach mór don dá eagraíocht aontú le chéile le gur féidir togra a rith. I roinnt réimsí teoranta, féadfaidh an Chomhairle féin tús a chur le dlí nua de chuid an AE.
- Déanann sí buiséad an AE a cheadú, spriocanna a leagan síos agus beartas a chomhordú

An Coimisiún Eorpach

- Is é an Coimisiún Eorpach comhlacht feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh. Tá an comhlacht freagrach as reachtaíocht a mholadh, as cinntí a chur chun feidhme, as seasamh le conarthaí an Aontais agus as an Aontas Eorpach a reáchtáil ó lá go lá.
- Dréachtaíonn sé moltaí le haghaidh dlíthe nua. A luaithe a ritheann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Pharlaimint reachtaíocht, tá sé de fhreagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcuirtear chun feidhme í. Déanann sé é seo trí na Ballstáit nó trína chuid gníomhaireachtaí.
- Déanann sé ionadaíocht don AE ar bhonn idirnáisiúnta.
- Tá an Coimisiún freagrach as buiséad an AE a chur chun feidhme; cinntíonn sé, i gcomhar le Cúirt na nIniúchóirí, go gcaitear cistí an AE mar is ceart.
- Tá dualgas go háirithe ar an gCoimisiún a chinntiú go seastar le conarthaí agus le dlíthe, agus d'fhéadfadh sé ballstáit nó institiúidí eile a thabhairt chuig an gCúirt Bhreithiúnais i ndíospóid. Sa ról seo, tugtar "caomhnóir na gconarthaí" go neamhfhoirmiúil air.

Nóta Achoimre

*Breac-chuntas ar phróiseas cinnteoireachta an AE:*
• Déanann an **Coimisiún Eorpach** tograí agus/nó dréachtaíonn sé reachtaíocht
• Déantar plé ar na tograí seo i bParlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin
• Déantar tuairimí na bpáirtithe leasmhara a lorg, a fháil agus a mheas.
• De ghnáth, is í **Comhairle an Aontais Eorpaigh** a dhéanann cinntí
• Is é an **Coimisiún Eorpach** a chuireann reachtaíocht chun feidhme
• Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinntí/reachtaíocht a bhreithniú.

(20 marc)
**(60 marc)**

**ROINN 3**
**Cuid 2**
**Fiontraíocht**

**Ceist 4**

**(A) Léirigh na tosca is gá do ghnólacht a chur san áireamh agus é ag déanamh cumarsáide leis na páirtithe leasmhara éagsúla atá aige.**

Teanga Chuí/Soiléire (e.g. páirtí leasmhar, an tomhaltóir)
Má tá an teanga rótheicniúil nó ródheacair do na tomhaltóirí a thuiscint, d'fhéadfaí ciall chontráilte a bhaint as an teachtaireacht. Ní mór don ghnólacht teanga a roghnú atá oiriúnach dá phobal fein. I gcás custaiméirí, d'fhéadfadh abairtí gearra soiléire agus tacaíochtaí amhairc etc. a bheith oiriúnach le haghaidh cóimeáil táirgí e.g. leacphacaí.

Rúndacht/Sábháilteacht (e.g. páirtí leasmhar, an fostaí)
Ní mór don mheán atá roghnaithe a bheith oiriúnach don teachtaireacht atá á tabhairt. Má tá an teachtaireacht ina hábhar rúnda don pháirtí leasmhar e.g. conradh fostaíochta an fhostaí á fhoirceannadh, bheadh sé níos oiriúnaí cruinniú a thionól ná litir nó ríomhphost a scríobh.

Costas (e.g. páirtí leasmhar, an bainisteoir)
Tá costas an phróisis chumarsáide ina thoisc an-tábhachtach. Má bhíonn Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin i dteagmháil lena c(h)uid bainisteoirí ar fud an domhain, seans go roghnóidh sé/sí cruinniú fíorúil a thionól chun costais taistil agus chothabhála a laghdú.

Práinn/Luas/Ceann Scríbe (e.g. páirtí leasmhar, an soláthraí)
Más rud é nach mór píosa ríthábhachtach faisnéise a chur in iúl láithreach don soláthraí, seans go mbeadh glao gutháin, teachtaireacht téacs nó ríomhphost oiriúnach e.g. chun athrú a shocrú ar amanna seachadta.

Aiseolas/Cruinneas/Taifead (e.g. páirtí leasmhar, an Rialtas)
D'fhéadfadh go mbeadh an gnólacht ag lorg aiseolais d'fhonn tuilleadh gnímh a dhéanamh. D'fhéadfadh go n-éileodh cumarsáid leis na coimisinéirí ioncaim comhfhreagras rialta agus taifid scríofa agus, sa chás seo, is féidir le litreacha agus ríomhphoist an ghnólachta a bheith ina bhfianaise fhoirmiúil ar an bpróiseas aiseolais, rud a dhíchuirfidh míthuiscintí.

Tosca ábhartha eile: Riachtanais dlí; An teicneolaíocht atá ar fail etc.

(20 marc)

**(B) Déan idirdhealú idir na dualgais atá ar an gcathaoirleach agus ar an rúnaí maidir le Cruinniú Cinn Bhliana a eagrú agus a stiúradh.**

<u>**An Cathaoirleach**</u>

- Tá an cathaoirleach, i gcomhar leis an rúnaí, freagrach as an gcruinniú a thionól tríd an bhfógra agus tríd an gclár oibre a tharraingt suas.
- Ní osclaíonn an cathaoirleach an cruinniú ach amháin tar éis dó/di a áirithiú go bhfuil an córam i láthair. Cuireann sé/sí tús leis an gcruinniú agus fáiltíonn sé/sí roimh gach duine, leagann sé/sí an ton ceart.
- Áirithíonn sé/sí go ndéantar miontuairiscí ón gCruinniú Cinn Bhliana roimhe sin a léamh, a ghlacadh agus a shíniú.
- Áirithíonn an cathaoirleach go gcloítear leis an gclár oibre san ord a bhí comhaontaithe/comhlíonadh buan-orduithe a áirithiú.
- Treoraíonn an cathaoirleach an plé agus bainistíonn sé an t-am agus na rannchuidithe. Tá tábhacht ag baint le hord a choinneáil agus le déileáil leis na pointí in ord/plé a ligean ar ábhair ar an gclár oibre amháin.
- Eagraíonn an cathaoirleach an vóta agus, i gcás comhionannas vótaí, tá vóta réitigh aige/aici.

- Tá sé de chumhacht ag an gcathaoirleach an cruinniú a chur ar athlá.

<u>**An Rúnaí**</u>

- Seolann an rúnaí an fógra agus an clár oibre chuig gach duine siúd atá i dteideal a bheith i láthair. Ba chóir iad seo a sheoladh amach i bhfad roimh ré chun am a thabhairt do chomhaltaí nó do scairshealbhóirí ullmhú don chruinniú.
- Socraíonn an rúnaí ionad atá oiriúnach, ag áirithiú go bhfuil acmhainní riachtanacha amhail bia agus deochanna, trealamh closamhairc agus pleananna suíocháin in ord.
- Cuireann an rúnaí an cruinniú ar an eolas faoi chomhfhreagras tábhachtach agus faoi dhoiciméid thábhachtacha a fuair an eagraíocht.
- Glacann an rúnaí an ról mar rúnaí miontuairiscí. Is éard atá i gceist leis an ról seo miontuairiscí ón gcruinniú roimhe sin a léamh agus cead agus síniú an chathaoirligh a fháil ina leith. Is éard atá i gceist leis freisin nótaí a thógáil le gur féidir miontuairiscí an chruinnithe reatha a scríobh go cruinn níos déanaí.
- Tugann an rúnaí cabhair agus comhairle don chathaoirleach maidir le pointí ord, le faisnéis etc. le linn an chruinnithe.

(20 marc)

**(C) Tabhair breac-chuntas ar dhá stíl cheannaireachta agus léirigh conas is féidir le gach aon cheann de na stíleanna sin a bheith oiriúnach i gcúinsí gnó éagsúla.**

Stíleanna Ceannaireachta.

Uathlathach

- Is fearr le ceannaire uathlathach a bheith i gceannas ar rudaí agus ní tharmligeann sé/sí tascanna/Ní bhíonn sé/sí i dteagmháil go minic le fostaithe, agus deachtaíonn sé/sí treoracha go minic/Ní chuireann sé/sí tuairimí na bhfostaithe san áireamh
- Is é/í an ceannaire a dhéanann na cinntí móra uile agus déantar orduithe a eisiúint agus treoracha a thabhairt atá le cur i bhfeidhm gan cheist.
- Úsáidtear eagla agus bagairtí mar inspreagthóirí/Easpa iontaoibhe i bhfostaithe
- Bíonn ualach oibre an bainisteora róthrom agus déanann sé seo dochar do chaighdeán a c(h)uid oibre
- Ní fhaigheann íochtaráin mórán taithí bhainistíochta agus tugtar formhór na n-arduithe céime do dhaoine ón taobh amuigh
- Is féidir le meanma a bheith íseal i measc na mball foirne/Is féidir le ráta athraithe na mball foirne a bheith ard/Cuirtear baill foirne as a gcuid dóchais: tagann díospóidí caidrimh thionsclaíoch as seo

Léiriú: D’fhéadfadh an stíl cheannaireachta seo a bheith oiriúnach le linn géarchéime nó staid éigeandála nuair nach mór cinntí deacra a dhéanamh go tapa iontu. e.g. gnólacht a bhunathrú chun feabhais, gnólacht atá faoi bhagairt dócmhainneachta.

Daonlathach

- Comhroinntear cumhacht leis an bhfoireann
- Tarmligtear údarás chuig an bhfoireann, ach, ar deireadh, is ar an mbainisteoir atá an fhreagracht.
- Lorgaítear tuairimí/smaointe/aiseolas sula ndéantar cinntí, agus is minic a bhíonn siad níos fearr mar gheall air seo.
- Forbraítear iontaoibh idir an bainisteoir agus baill foirne le himeacht ama/Creideann baill foirne go bhfuil meas orthu agus éiríonn siad níos spreagtha.
- Tugtar arduithe céime do dhaoine ar an taobh istigh mar go bhfaigheann baill foirne taithí bhainistíochta.
- D’fhéadfadh infhiontraíocht a bheith ann
- Is féidir le cinnteoireacht a bheith mall agus moillithe.

Léiriú: D’fhéadfadh sé seo a bheith cuí i ngnólacht a chuireann obair foirne chun cinn (Google). Éiríonn go maith leis seo i dtimpeallacht inar féidir le baill foirne glacadh le freagracht.

Laissez-faire

- Bíonn ról éascaitheach (ról treorach) ag an lucht bainistíochta agus ní bhíonn siad páirteach i reáchtáil laethúil an ghnólachta
- Tarmligtear an chuid is mó den údarás chuig an bhfoireann
- Cuirtear a lán iontaoibhe san fhoireann
- Déanann oibrithe ardspreagtha agus iontaofa a gcuid oibre as a gconlán féin, agus tagann ardleibhéil infhiontraíochta as seo
- Bíonn cumhacht á tabhairt do bhaill foirne, seachas orduithe a bheith á dtabhairt dóibh.
- Tugtar níos mó saoirse do bhaill foirne maidir lena spriocanna féin a leagan.
- Bíonn deis ag bainisteoirí déileáil le cúrsaí níos straitéisí

Léiriú:
Is minic a ghlacann tionscail ardteicneolaíochta, a bhíonn ag brath ar fhostaithe dea-oilte agus ard-uathrialacha, leis an gcur chuige seo. Is stíl choitianta cheannaireachta í seo i measc gnólachtaí a bhíonn i mbun Taighde agus Forbartha, agus i ngnólachtaí ina mbíonn tábhacht ag baint le cruthaitheacht.

(20 marc)
**(60 marc)**

**Ceist 5**

**(A) Dréachtaigh litir ghnó ó Árachas EXON CPT chuig Bianua Tta, ag úsáid dáta an lae inniu. Sainaithin na rioscaí gnó a d'fhéadfadh a bheith ann agus na cineálacha árachais a bheadh oiriúnach do Bhianua Tta. Bain úsáid as ainmneacha agus as seoltaí a chumann tú féin.** (20 marc)

| | |
|---|---|
| Árachas EXON CPT<br>(Seoladh, Uimh. Theileafóin, Ríomhphost, Stiúrthóirí, etc.)<br>D'uimhir thag.:<br>Ár n-uimhir thag.:<br><br>Dáta 14/06/'12<br><br>Bianua Tta<br>(Seoladh)<br><br>**RE:** Rioscaí gnó agus na cineálacha polasaí árachais a bheadh oiriúnach don chuideachta.<br><br>A Dhuine Uasail...<br>Seo a leanas liosta de rioscaí gnó a d'fhéadfadh a bheith ann agus na cineálacha polasaí árachais a bheadh oiriúnach do do chuideachta.<br>**An riosca go ndéanfar damáiste struchtúrtha don mhonarcha, don trádstóras nó don fhoirgneamh oifigí.** *Árachas Foirgneamh* – tugann sé seo cosaint in aghaidh caillteanais nó damáiste do struchtúr an fhoirgnimh de bharr tine, tuile nó stoirme.<br>**An riosca go ndéanfar damáiste do stoc, d'amhábhair, do chomhpháirteanna, etc**<br>*Árachas inneachair* – tugann sé seo cosaint in aghaidh caillteanais nó damáiste d'inneachar de bharr buirgléireachta, tine nó tuile.<br>**An riosca a bhaineann le bheith páirteach i dtimpiste bhóthair.**<br>*Mótarárachas* – De réir dlí, ní mór do thiománaithe árachas tríú páirtí a bheith acu. I measc polasaithe eile, tá Árachas Tríú Páirtí,Tine is Gada is Árachas Cuimsitheach.<br>**An riosca go gcaillfear ball tábhachtach den fhoireann** – *Árachas Eochair-Dhuine* – tugann sé seo cosaint don ghnólacht in aghaidh caillteanas eochairbhaill den fhoireann.<br>**An riosca go ngortóidh custaiméirí iad féin agus iad ar an áitreabh.**<br>*Árachas Dliteanais Phoiblí* – tugann sé seo cosaint don ghnólacht in aghaidh éileamh a dhéanann duine den phobal de bharr timpiste agus é/í ar an láthair.<br>**An riosca go ngortóidh oibrithe iad féin agus iad i mbun poist.**<br>*Árachas Dliteanais Fostóra* – Clúdaíonn sé seo an gnólacht in aghaidh éileamh a dhéanann fostaithe de bharr timpistí san ionad oibre.<br>**An riosca go ngoidfidh fostaí airgead nó stoc.**<br>*Árachas Ráthaíochta Dílseachta* – Tugann sé seo cosaint don ghnólacht in aghaidh mímhacántachta nó calaoise a dhéanann fostaí.<br>**An riosca go mbeidh táirgí na cuideachta díobhálach don phobal.**<br>*Árachas Dliteanais i leith Táirgí* – Tugann sé seo cosaint don ghnólacht má dhéanann custaiméir éileamh ina aghaidh de bharr táirgí lochtacha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh.<br>**Eile:** Earraí faoi Bhealach/Caillteanas Iarmhartach.<br>Táim ag súil le cloisteáil uait.<br><br>Is mise le meas<br><br>__________________<br>Síniú Post Iatáin | |

**(B) (i) Déan iad seo a leanas a ríomh do Bhianua Tta do 2011:**

- An Toradh ar Infheistíocht (TAI);
- An Cóimheas Reatha;
- An Cóimheas Fíorthástála:
- An Cóimheas Fiachais/Cothromais.

**An Toradh ar Infheistíocht = Glanbhrabús x 100/Caipiteal in Úsáid**
**(Gnáth-Scairchaipiteal + Tuilleamh Coimeádta + Iasacht Fhadtéarmach)**
50,000/(500,000 + 100,000 + 300,000)
50,000/900,000
**5.56%**

**An Cóimheas Reatha = Sócmhainní Reatha: Fiachais Reatha**
155,000: 85,000
**1.82:1**

**An Cóimheas Fíorthástála = Sócmhainní Reatha – Stoc Deiridh: Fiachais Reatha**
(155,000 – 80,000): 85,000
75,000:85,000
**0.88:1**

**An Cóimheas Fiachais/Cothromais = Fiachas: Cothromas/(Gnáth-scairchaipiteal + Tuilleamh Coimeádta)**
300,000:(500,000 + 100,000)
300,000:600,000
**0.5:1**

(20 marc)

**(ii)** Déan anailís ar *bhrabúsacht* agus ar *leachtacht* Bhianua Tta, agus tagairt agat do mheántorthaí an tionscail a thaispeántar sa bhosca thuas, **agus** déan moltaí do Bhianua Tta.

**Brabúsacht**

Is ionann an TAI do Bhianua Tta agus 5.6%. Tomhaiseann sé seo an toradh ar chaipiteal d'infheisteoirí i ngnólacht. Tá an figiúr seo cothrom le leath mheánfheidhmíocht na gcuideachtaí sa tionscal céanna. Ach is cuideachta nua é agus tá Toradh maith ar Infheistíocht ag an gcuideachta i gcomparáid le rátaí úis na huaire atá ar fáil faoi láthair ar chuntais taisce e.g. Cuntas coigiltis phearsanta RaboDirect a thairgeann 3.10%.

**Moladh do Bhianua Tta**
Beidh Bianua Ltd ag súil go mbeidh an TAI chomh hard agus is féidir agus go mbeidh sé os cionn ráta úis an bhainc. Chun feabhas a chur ar a staid, caithfidh sé a fhigiúr 'caipiteal in úsáid' a laghdú nó feabhas a chur ar a ghlanbhrabús e.g. caiteachas/forchostais a rialú nó iarracht a dhéanamh díolacháin a mhéadú.

**Leachtacht**

**An Cóimheas Reatha**

Bhí leibhéal an-rathúil caipitil oibre ag meántoradh an tionscail in 2011. Bhí €2 ar fáil dó chun íoc as gach €1 dliteanais. Tá fíorthábhacht ag baint leis an leibhéal rathúil caipitil oibre seo a choinneáil maidir le sreabhadh airgid an ghnólachta.

Tá €1.82 ar fail do Bhianua Tta chun íoc as gach €1 a bhí dlite, beagánin faoin idéalach 2:1. Déan iarracht ar Bhianua Tta an cóimheas reatha seo a choinneáil; b'fhéidir leis a chuid fhiachais ghearrthéarmacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. Má tá staid leachtachta an ghnólachta bocht, agus nach féidir leis a fhiachais reatha a íoc, d'fhéadfadh go ndéanfar é a leachtú.

**An Cóimheas Fíorthástála**

In 2011, ba é 1.2:1 meántoradh an tionscail. Léiríonn sé seo go raibh €1.20 ar an meán ar fáil láithreach chun íoc as gach €1 a bhí dlite. I gcás Bhianua Tta, b'ionann an meántoradh in 2011 agus 0.88:1, agus ní raibh ach 88c ar fáil don ghnólacht chun íoc as gach €1 a bhí dlite do dhaoine eile. Ní raibh meánfhigiúr an tionscail ná Bianua Tta in ann an cóimheas idéalach fíorthástála de 1:1 a bhaint amach. Tá roinnt acmhainní díomhaoine ag an tionscal; mar sin féin, is féidir leis a chuid fiachais ghearrthéarmacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. Os a choinne sin, beidh seans ann go mbeidh deacrachtaí ag Bianua Tta airgead a bhailiú go tapa agus a chuid billí a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. Má theipeann ar Bhianua Tta feabhas a chur ar an staid seo, d'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag Bianua Tta earraí a cheannach ar cairde sa todhchaí.

**Moladh do Bhianua Tta:**

- Stoc ísealéilimh a dhíol ar lascaine.
- Sreabhadh airgid a thuar go héifeachtach chun fadhbanna leachtachta a sheachaint.
- Cabhróidh rialú éifeachtach creidmheasa leis an riosca a bhaineann le drochfhiacha a laghdú.
- Cabhróidh rialú éifeachtach stoic leis an méid airgid atá bainteach le stoc agus nach féidir a chaitheamh ar rud eile a laghdú.
- Díolacháin airgid thirim a mhéadú.

(20 marc)
**(60 marc)**

## Ceist 6

**(A) Déan plé ar na buntáistí agus ar na rioscaí a bhaineann le fostaithe a chumasú laistigh de ghnólacht.**

Buntáistí

- Is faoi na fostaithe a bhíonn an chinnteoireacht agus an rialú agus úsáideann siad a gcuid scileanna agus eolais níos fearr chun tairbhe an ghnólachta/déantar cinntí níos tapa.
- Éiríonn fostaithe níos freagraí do riachtanais na gcustaiméirí/cumann siad smaointe chun saincheisteanna a réiteach/níos mó custaiméirí sásta.
- Éiríonn fostaithe níos spreagtha/sástacht phoist/meas orthu/meanma fheabhsaithe/dílis.
- Bíonn fostaithe níos ullmhaithe d'ardú céime/níos oilte.
- Is féidir leis an lucht bainistíochta díriú ar phleanáil straitéiseach.

Rioscaí

- Má chumasaítear fostaithe gan dóthain oiliúna a thabhairt dóibh, is féidir botúin a dhéanamh.
- D'fhéadfadh go mbeadh fostaithe míshásta leis an bhfreagracht bhreise agus/nó leis an easpa oiliúna agus d'fhéadfadh méadú teacht ar a gcuid leibhéil struis. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chúis le dí-spreagadh i measc fostaithe.
- Mar gheall ar an easpa rialaithe agus maoirseachta laethúla, d'fhéadfaí roinnt fostaithe cumasaithe a spreagadh chun rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh, rud as a dtiocfadh droch-chinnteoireacht.
- Ciallaíonn cumasú go mbíonn rialú, freagracht agus cumhacht á dtabhairt ag an lucht bainistíochta d'íochtaráin. D'fhéadfadh nach mbeadh roinnt bainisteoirí sásta leis an athdháileadh cumhachta seo agus leis an gcaillteanas rialaithe. D'fhéadfaí go mbeadh coimhlint idir na bainisteoirí féin agus na fostaithe mar gheall air seo.

(20 marc)

**(B) Is céimeanna tábhachtacha iad <u>Giniúint Smaointe</u> agus <u>Staidéar Indéantachta</u> sula seoltar táirge nó seirbhís nua ar an margadh.**
**Déan plé ar na céimeanna a bhfuil líne fúthu thuas, agus tagairt agat do tháirge nó do sheirbhís a roghnaíonn tú féin.**

Giniúint Smaointe
Sainmhíniú: Is ionann giniúint smaointe agus bealach éifeachtach rianúil chun smaointe a aimsiú i leith táirgí agus seirbhísí nua agus is féidir léi teacht ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha.

***Inmheánach***
- Seisiúin ransaithe smaointe. Is éard a bhaineann leis seo daoine ó réimsí éagsúla an ghnólachta ag teacht le chéile agus machnamh cruthaitheach a dhéanamh ar smaointe nua. Diúltaítear do chuid de na smaointe seo agus déantar breis breithnithe ar chinn eile. Cabhraíonn éagsúlacht na foirne leis an bpróiseas cruthaitheachta.

- Mórfhoinse de nuálaíocht táirgí/smaointe nua do tháirgí iad pearsanra díolacháin trí thaighde margaidh nó trí aiseolas a fháil ó ionadaithe díolacháin.
- Faightear smaointe agus moltaí ó fhostaithe trí scéimeanna moltaí/boscaí moltaí. D'fhéadfaí duais a bhronnadh ar dhea-smaoineamh trí bhónas a thabhairt, mar shampla.
- D'fhéadfadh go dtiocfaidh an Roinn Taighde agus Forbartha ar tháirge nua trí thaighde agus trí fhorbairt a dhéanamh.
***Seachtrach***
- Monatóireacht a dhéanamh ar na hiomaitheoirí agus aithris a dhéanamh ar chuid dá smaointe táirgí, ach a bheith aireach ar dhlí paitinne agus cóipchirt i gcomhthráth.
- Ionadú iompórtála: nuair a dhéantar ionadú ar tháirge atá á iompórtáil faoi láthair ag
táirge a tháirgtear sa bhaile ag a bhfuil a mhacasamhail de cháilíocht nó ar a bhfuil an praghas céanna.
- Cuideachta Taighde Margaidh a úsáid le bearnaí sa mhargadh agus treochtaí margaidh a thabhairt faoi deara.
- D'fhéadfadh Gearáin ó Chustaiméirí a bheith ina gcúis le hathruithe/forbairt ar tháirgí.
- Taisteal thar lear/taispeántais trádála.

## TAIRGE/SEIRBHIS MAIDIR LE GINNIUINT SMAOINTE

Staidéar Indéantachta

Sainmhíniú: Déantar an staidéar indéantachta tar éis chéim na forbartha coincheap. Déantar imscrúdú ar cé chomh hinmharthana is a bheadh sé chun an táirge a tháirgeadh ó thaobh táirgeadh, costais agus brabúsachta. Tuarascáil imscrúdaithe é staidéar indéantachta ar chumas agus ar bhrabúsacht smaoineamh gnó.

**- Indéantacht mhargaidh**, i.e. an bhfuil éileamh ar an táirge/cad é an cumasc margaíochta is fearr i gcomhair an táirge agus cad iad na figiúirí dóchúla díolacháin?

**- Indéantacht airgeadais** i.e. an mbeidh an gnólacht in ann forbairt, táirgeadh agus margaíocht an táirge a mhaoiniú?

**- Indéantacht táirgthe/theicniúil**, i.e. an bhfuil an t-innealra, an trealamh agus na foirgnimh ag an gnólacht leis an táirge a dhéanamh?

**- Indéantacht scileanna**, i.e. an bhfuil na scileanna riachtanacha ag ár ngnólacht leis an táirge a dhéanamh, e.g. scileanna an lucht bainistíochta agus scileanna na bhfostaithe, nó an dteastóidh oiliúint uainn agus, má theastóidh, cé mhéad a chosnóidh an oiliúint seo?

**- Indéantacht chomhshaoil**, i.e. an mbeidh tionchar ar an gcomhshaol áitiúil ag na próisis táirgthe atá riachtanach i gcomhair an táirge nua? An mbeidh cead pleanála uaim?

**Táirge:** Rith sé le Steve Jobs gcuirfí níos mó agus níos mó feidhmeanna le fóin phóca ar deireadh, mar nach mbeadh daoine in ann súil a choinneáil ar gach ceann dá gcuid giuirléidí e.g. BlackBerry le haghaidh ríomhphost, iPod le haghaidh ceoil, etc. Chreid sé gur chóir na hearraí uile seo a bheith ar fáil ar phacáiste amháin i.e. an iPhonego.
Cuireadh tús le forbairt an iPhone in 2005. D'iarr Steve Jobs, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Apple, ar innealtóirí Apple imscrúdú a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le scáileán tadhaill a tháirgeadh (indéantacht táirgthe). D'fhéadfadh an scáileán tadhaill méarchlár a

thaispeáint nuair a bheadh gá leis agus é a cheilt nuair a bheadh an t-úsáideoir ag iarraidh an t-idirlíon a úsáid nó breathnú ar léarscáil.

(20 marc)

**(C) (i) Mínigh an téarma "plean gnó".**

Is ionann plean gnó agus ráiteas/togra scríofa faoin ngnólacht agus faoina chuid cuspóirí (an méid atáthar ag iarraidh a bhaint amach) agus straitéisí i réimsí amhail margaíocht, úinéireacht, táirgeadh, airgeadas agus aithint deiseanna. Tá sé tábhachtach i gcás gnólachtaí nuathionscanta.

**(ii) Déan measúnú ar an tábhacht a bhaineann le plean gnó do ghnólacht nua nuálach teicneolaíochta.**

- Leagtar amach ann na straitéisí/pleananna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon thar thréimhsí comhaontaithe ama, e.g. bliain amháin, cúig bliana, deich mbliana, etc. Beartaítear ann an chaoi ar féidir aidhmeanna an fhiontair a bhaint amach agus, dá bhrí sin, tugann sé fócas don fhiontraí.

  e.g. "Ollchorrlach rathúil a bhaint amach sa chéad bhliain den oibríocht. Leibhéil fardail 'díreach in am' (JIT) a choinneáil ar bun. Méadú measartha seasta a dhéanamh ar dhíolacháin sa dara bliain agus sa tríú bliain"

- Is doiciméad riachtanach é nuair a bhítear ag dul chun cainte le hinstitiúid airgeadais, le gníomhaireachtaí deontas nó le hinfheisteoirí eile ar bith chun cistí (caipiteal) a lorg don fhiontar. Ní thabharfaidh aon institiúid airgeadais cistí d'fhiontar mura bhfuil siad cinnte gur dócha go bhfaighidh siad an infheistíocht sin ar ais. Déantar margú ar an bhfiontar sa phlean gnó; díolann sé smaointe an ghnólachta le daoine eile agus spreagann sé iad le machnamh dáiríre a dhéanamh ar an tionscadal.
  e.g. "An gnólacht a bhainistiú trí chur chun feidhme agus trí thomhas agus coigeartú comhleanúnach a dhéanamh ar spriocanna agus ar thorthaí iarbhír i.e. spriocanna airgeadais vs. torthaí airgeadais".

- Mar gheall ar chineál an phlean gnó seo, leagtar spriocanna síos i bhfigiúirí nuair is féidir. Trí na figiúirí seo a bheith ar fáil, is féidir iad a úsáid mar thagarmharcanna nó mar chaighdeáin ar féidir oibríochtaí agus feidhmíocht an fhiontair a thomhas ina n-aghaidh. Mura mbaintear na caighdeáin amach, is féidir an gníomh, atá beartaithe chun an fhadhb a réiteach, a chur chun feidhme.
  e.g. "An gnólacht a bhainistiú trí chur chun feidhme agus trí thomhas agus coigeartú comhleanúnach a dhéanamh ar spriocanna agus ar thorthaí iarbhír i.e. Foghlaim Fostaithe agus Spriocanna Fáis vs. Torthaí, Spriocanna Sástachta Custaiméirí vs. Torthaí."

  **Measúnú:** Cuirfidh plean gnó ar chumas an ghnólachta cinneadh a dhéanamh faoi cé acu is féidir féidir leis a bheith inmharthana ó thaobh tráchtála de nó nach féidir. D'fhéadfadh sé tacú leis an ngnólacht nuair a bhítear ag lorg foinsí maoinithe ó infheisteoirí féideartha.

(20 marc)
**(60 marc)**

## Ceist 7

**(A) (A) Tabhair breac-chuntas ar na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn Bealach Dáileacháin oiriúnach á roghnú aige. Tabhair samplaí chun do fhreagra a léiriú.**

- **Costas:** Is toisc é costas agus bealach dáileacháin á roghnú. De réir mar a mhéadaíonn líon na gcéimeanna sa bhealach dáileacháin, is amhlaidh is costasaí a bheidh an táirge don tomhaltóir mar go n-éileoidh gach meáncheannaí corrlach/uasmharcáil dá c(h)uid féin. Rinne tosca costais Ryanair a spreagadh agus iad ag baint gníomhairí taistil as a líonra dáileacháin um dhíolacháin ticéad. Ceannaíonn Tesco agus Dunnes Stores go díreach ó mhonaróirí.
- **Cineál earra/marthanacht:** Tá roinnt earraí toirtiúil, tá earraí eile sobhriste agus níos somheata. Ní mór earraí somheata a dháileadh go mear ar an margadh e.g. déantar iasc úr/bláthanna úra a sheachadadh go díreach don mhiondíoltóir. Is féidir táirgí d'ardchaighdeán a dhíol go díreach leis an tomhaltóir.
- **Méid an mhargaidh:** Más margadh mór é an margadh, d'fhéadfadh gurb é an rogha dáileacháin is coigiltí mórdhíoltóir a úsáid chun bulc a bhriseadh, earraí a stóráil agus táirgí a iompar chuig an miondíoltóir. Dáileann Cadburys a gcuid earraí trí mhórdhíoltóirí ar nós Musgrave Group.
- **Ríomhghnó:** Is féidir le cuideachtaí a gcuid táirgí a fhógairt agus a dhíol ar líne trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin cuideachta. Cuireann tomhaltóirí orduithe isteach agus seachadtar earraí trí úsáid a bhaint as an gcóras poist nó as seirbhís seachadta chúiréireachta. Is sampla iad ríomhairí Dell.
- **Forbairtí teicneolaíochta:** D'éascaigh siad teagmháil dhíreach idir gnó agus an tomhaltóir e.g. seirbhísí baincéireachta dírí agus árachais. Is féidir le custaiméirí luachana a fháil ar an teileafón, íoc as seirbhísí le cárta creidmheasa, airgead a aistriú. Ar dtús, rinneadh na seirbhísí seo i mbrainse nó rinne gníomhaire nó bróicéir iad.

(20 marc)

**(B) Déan measúnú ar "dearadh táirgí" agus "pacáistiú táirgí" laistigh de ghné an táirge den chumasc margaíochta.**

**"Dearadh táirgí"**
Feidhm: Cuirtear é seo san áireamh sna príomhchlásail den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, a chuireann fheidhm freagracht reachtaíochta ar tháirgeoirí as earraí a dhéanamh atá i riocht díola agus oiriúnach don fheidhm atá beartaithe. Is gá go ndéanfadh an táirge na rudaí atá sé ceaptha a dhéanamh e.g. ba chóir do lomaire faiche feidhmiú sa dóigh a bhfuiltear ag súil leis agus féar a ghearradh mar is ceart.
*Measúnú*
Is é luach an chuir chuige seo go gcomhlíonfar sainriachtanais an tomhaltóra i gcomhréir leis an gcoincheap margaíochta. As seo, tiocfaidh athcheannach, dílseacht tomhaltóirí agus, ar deireadh, díolacháin agus brabúis mhéadaithe don ghnólacht.

(Foirm: Ní mór don táirge a bheith tarraingteach go haeistéitiúil maidir le cruth, méid, dath, stíl, íomhá, etc. e.g. (iPad).

Ní mór don táirge a bheith praiticiúil agus cloí le caighdeáin sábháilteachta; ní mór don táirge a bheith tarraingteach freisin, áfach. Mar shampla, cuireann feachtais mhargaíochta do ghluaisteán béim ar éifeachtúlacht, ar iontaofacht agus ar mhealltacht ina gcuid fógraí.

*Measúnú*

Tá daoine comhfhiosach ar fhaisean agus tá toighis agus tosaíochtaí uathúla acu. Más féidir le gnólachtaí na riachtanais sin a shásamh, beidh díolacháin agus brabúis mhéadaithe acu.

**"Pacáistiú Táirgí"**

Comhlíonann pacáistiú táirgí cuid mhór feidhmeanna:

Cosaint: Cosnaíonn pacáistiú an táirge le linn iompair, stórála agus láimhsithe. Coinníonn sé an táirge úr freisin, a chaomhnaíonn an caighdeán go dtí go n-úsáidfear é.

Faisnéis: Cuimsíonn an pacáistiú faisnéis maidir le comhábhair, an dáta 'b'fhearr roimh', rabhaidh shláinte, etc.

Idirdhealú/foinse an bhuntáiste iomaíochta: Is féidir mórán táirgí a aithint láithreach mar gheall ar chruth nó ar dhearadh an phacáistithe, agus tá cuid acu paitinnithe agus cosanta ag an dlí e.g. buidéal Coca-Cola.

Tionscnamh díolacháin: Cabhraíonn pacáistiú leis an táirge a mhargú mar gur féidir leis aird a tharraingt trí bhrandaí agus lógónna, trí chruth agus trí dhath.

Áisiúil don tomhaltóir/úsáideoir: Déanann leite, grán rósta, anraith, pónairí etc. a réitítear san oigheann micreathonnach caitheamh bia níos áisiúla agus méadaíonn siad díolacháin.

*Measúnú*

(Méid agus Cainníocht) Is féidir le pacáistiú an méid agus cainníocht an táirge a rialú. Cabhraíonn rialú coda le fardal a rialú, le seasmhacht táirge a chruthú agus is féidir leis cabhrú le praghsanna a rialáil.

(Margaíocht) Tá an pacáistiú ar an líne thosaigh sa mhargaíocht. Trí dhearadh agus trí chumarsáid mhargaíochta, is féidir le pacáistí cabhrú le táirge a dhíol agus leis an táirge a idirdhealú ó tháirgí cosúla. Is féidir leis an bpacáistiú cabhrú le brandáil táirge a chur chun cinn freisin.

(Slándáil) Is féidir slándáil táirge a sholáthar trí phacáistiú. Is féidir le pacáil míreanna a dhéanamh dosháraithe, cabhrú le gadaíocht a laghdú agus cabhrú le dochar ó tháirgí contúirteacha a chosc.

(20 marc)

**(C) Déan plé ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le fairsingiú agus le fás ghnó *ScothBhréagáin Tta*.**

- D'fhéadfadh uaillmhian agus mian úinéir nó bhainisteoirí *ScothBhréagáin Tta* chun impireacht a fhorbairt a bheith ina bhfórsaí inspreagtha d'fhairsingiú gnó.
- Éagsúlú. Éascaíonn fairsingiú gnó an leathadh riosca trí bhogadh amach ó phríomhréimse gnó na cuideachta. Mar shampla, d'fhéadfaí laghdú a dhéanamh ar neamhchosaint *ScothBhréagáin Tta* ar riosca ó mhargadh miondíola na hÉireann atá ag streachailt trí fhairsingiú isteach i margadh na Ríochta Aontaithe ina bhfuil 62 milliún duine.
- Do bhunstoc soláthairtí a chosaint. D'fhéadfadh comhcheangal droim ar ais isteach i slabhra an tsoláthair cosaint a thabhairt do shlabhra soláthair *ScothBhréagáin Tta*, a d'áiritheodh soláthar stoic le haghaidh athdhíola.
- Barainneachtaí scála. De réir mar a fhásann gnólacht, laghdaíonn costais mar gheall ar bhulc-cheannach, ar choigilteas iompair, ar chostais íslithe stórála, etc. Mar gheall ar chostais níos ísle, beidh earraí níos saoire, díolacháin níos airde agus níos mó brabús do *ScothBhréagáin Tta*.

- Trí chumasc *ScothBhréagáin Tta* le hiomaitheoir nó trí iomaitheoir a tháthcheangal, d'fhéadfadh an gnó bagairt dá sciar den mhargadh a dhíchur. Is minic a bhíonn díchur iomaíochta ina chúis le fairsingiú gnó.
- D'fhéadfadh fairsingiú gnó ligean do *ScothBhréagáin Tta* teicneolaíocht nua agus táirgí nua a d'fhorbair iomaitheoirí a fháil.
- Tá margadh na dtáirgí naíonán/na mbréagán cúlú-dhíonach go céim áirithe.
- Brabúsacht/neart airgeadais.

(20 marc)
**(60 marc)**